


Ábhar Tacaíochta do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht do Mhic Léinn Oideachais

Cruthaithe agus Cruinnithe ag
Grúpa Oibre na gColáistí Oideachais



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta*

*Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Lá Inseirbhíse do na Coláistí Gaeltachta

1 Márta, 2014

© Lúibíní agus Agallaimh Bheirte, Ray Mac Mánaís.

© Íomhánna (clúdach agus logainmneacha lgh 40, 44-49), Éamon Ó Murchú.

© Íomhánna (clipart), Microsoft Campus Agreement no. 2613911.

© Íomhánna (feamainn bhuí, duileasc, carraigín, dúlamán) ó <http://www.seaweed.ie>, Michael Guiry.

© Íomhánna (plandaí) ó <http://www.wildflowersofireland.net>, Zoë Devlin.

© Íomhánna (gliomach, broigheall, ronnach le dathú) Sherkin Island Marine Station, Audrey Murphy agus Susan Murphy Wickens.

© Íomhánna eile, feic creidiúint ag gach íomhá agus sa liosta de shuíomhanna idirlín ag an deireadh.

Gach ceart ar chosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála nó a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ó úinéirí na gcóipcheart.

Clár

An Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht	5
Mé Féin Mar Fhoghlaimeoir	6
Straitéisí Cumarsáide	6
Rólimirt Structúrtha	7
Saor-Rólimirt	16
Obair Bheirte	19
Comhrá	21
Téamaí Churaclam na Bunscoile	22
Bainisteoireacht Ranga	23
Gaeilge na Gaeltachta	37
An Ghaeilge Ar Líne	37
An Ceantar	38
Logainmneacha	38
Giotáí Próis ó na Réigiúin	50
An Ghné Chruthaitheach	52
Acrastaicí agus Dánta Aibítire	52
Tasc 1: Agallamh agus Cur i Láthair	53
Tasc 2: Múineadh na Gaeilge	55
An Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht	59
Mé Féin Mar Fhoghlaimeoir	60
Rólimirt Structúrtha	60
Saor-Rólimirt	65
Obair Bheirte	71
Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta	73
Lúibíní agus Agallaimh Bheirte	73
Na Meáin	78

An Ceantar	84
Giotáí Próis ó na Réigiúin	84
An Ghné Chruthaitheach	87
Dánta Aibítire	87
Acrastaicí	87
Luimnigh	89
Tréanna	91
Tasc 1: Díospóireacht	93
Tasc 2: Áiseanna d'O.S.I.E.	97
Áis do na Seisiúin Eolais ar O.S.I.E.	100
Plandaí an Talaimh	101
Éin an Aeir	114
Dúile an Chladaigh	126
Éisc na Farraige	138
Foinsí d'O.S.I.E.	152
Suíomhanna Idirlín a Ceadaíodh	154
Aguisín	156
Ceistiúchán Thús an Chúrsa	156
Ceistiúchán Dheireadh an Chúrsa	157

An Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Téama: Mé Féin mar Fhoghlaimeoir

Straitéisí Cumarsáide

Ní mór straitéisí a thabhairt do na mic léinn cabhrú leo iad féin a chur in iúl agus daoine eile a thuiscint. Mar shampla:

athrá a lorg: “Abair é sin arís, más é do thoil é!”

“Céard é sin a dúirt tú?”

“Céard atá i gceist agat?”

“Níos moille más é do thoil é!”

soiléiriú a lorg: “An bhfuil tú ag rá go/gur...”

“An é atá á rá agat ná...”

deimhniú a lorg: “An bhfuil tú i ndáiríre?”

“An bhfuil tú cinnte faoi sin?”

cabhair a lorg i gcomhrá: “Conas a deir tú...?” / “Cén chaoi a ndeir tú...?” /

“Cad é mar a deir tú...?”

“Gabh mo leithscéal! Cén Ghaeilge atá ar...?”

An Mac Léinn Oideachais sa Ghaeltacht, sa Choláiste Oideachais, ar Socrúchán Scoile agus ina s(h)aol pearsanta

Rólimirt Struchtúrtha

Sa Teach Lóistín sa Ghaeltacht

Suíomh: Teach lóistín sa Ghaeltacht.

Róil: Mac Léinn agus Bean a' Tí.

Cuspóirí: Tá an mac léinn ag iarraidh cithfholcadh a thógáil ach tá an t-uisce fuar. Tá bean a' tí ag iarraidh ar an mac léinn a bheith foighneach.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus mínigh agus pléigh é.



Téacs:

Mac Léinn: Gabh mo leithscéal, a Bhríd. Tá súil agam nach bhfuilim ag cur isteach ort.

Bean a' Tí: Lean ort. Céard atá uait?

Mac Léinn: Chuir mé an t-uisce ar siúl sa chithfholcadh ach tá sé fuar.

Bean a' Tí: Bhuel! Chuir mé an tumthéitheoir ar siúl ag am tae. Ar thóg aon duine eile cithfholcadh ó shin?

Mac Léinn: Bhí ceann ag Tomás agus bhí ceann ag Eoghan.

Bean a' Tí: Sin é an fáth go bhfuil an t-uisce fuar. Caithfidh tú ligean dó téamh suas arís.

Mac Léinn: Ach táim ag dul amach i gceann fiche nóiméad agus ní féidir liom a bheith déanach.

Bean a' Tí: Nach raibh cithfholcadh agat ar maidin?

Mac Léinn: Bhí ach bhí mé ag imirt peile sa pháirc san iarnóin agus motháim an-salach.

Bean a' Tí: Bíodh foighne agat, a Liam. Ní dóigh liom go bhfuil aon rogha agat ach fanacht. Caithfidh tú ligean don uisce téamh suas arís.

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“Tá súil agam...” ... go mbeidh an aimsir go deas amárach / go dtiocfaidh an bus go luath / go mbeidh iasc againn le haghaidh an dinnéir / go mbeidh an t-uisce te / nach dtosóidh sé ag cur báistí / nach ngortófar aon duine / nach gcuirfear aon duine den pháirc / nach n-iarrfar orainn an dráma a dhéanamh anois.

Táim ag súil le ... leis an gcéilí / leis an dráma / leis an turas / leis an tsiúlóid / le dul abhaile.

Chuir Bean a' Tí an tumthéitheoir "ar siúl" (staid nó coinníoll, gan séimhiú ar an túschonsan) Staideanna nó coinníollacha eile: ar bís; ar misce; ar buile; ar seachrán; ar strae; ar crioth; ar saoire; ar dualgas; ar ceal; ar conradh; ar pinsean; ar fionraí; ar fóraoil; ar cíos; ar díol; ar ceant.

Ionaid Ghinearálta: Go sábhála tú mé ar muir is ar tír; ar bord; d'imigh sé leis ar cosa in airde.

Cúrsaí Ama: ar maidin; ar ball.

"tumthéitheoir" .. ag tumadh sa bháisín; tumadóir; tumoideachas.

I gceann / le / ar feadh...

Beidh sos againn i gceann cúig nóiméad déag. Beimid ag dul ar ais go dtí an teach i gceann dhá uair an chloig.

Ní fhaca mé mo thuismitheoirí le seachtain. Ní raibh aon bháisteach againn le cúig lá. Ní bhfuair mé téacs ó Phól le trí lá.

Beidh mé anseo sa Ghaeltacht ar feadh coicíse. Beidh mé ag dul ar saoire ar feadh seachtaine. Bhí mé tinn ar feadh trí lá. Bhí mé ag obair i mbialann ar feadh míosa. Ba mhaith liom dul go dtí an Astráil ar feadh bliana. B'fhiú fanacht sa Ghaeltacht ar feadh ráithe (trí mhí).

"cithfholcadh"... cith sneachta; cith toirní; cith gealáin; Cith is Dealán (cnuasach gearrscéalta le "Máire" i.e. Séamus Ó Grianna ... "Máire" = ainm cleite / nomme de plume / pen name ...

Ainmneacha cleite eile? ... "An Craoibhín Aoibhinn" = Dubhghlas De hÍde (an chéad Uachtarán ar Éirinn; údar "Abhráin Ghrádha Chúige Chonnacht" 1893), "An Seabhac" = Pádraig Ó Siochfhradha (údar "Jimín Mháire Thaidhg" 1921), "Colm Ó Conaire" = Pádraig Mac Piarais.

cion = grá ... ainm ceana; leasainm; ainm baiste; ainm dílis; ainm áite = logainm; "Tá sé in ainm is a bheith ag obair."

"Bíodh foighne agat!" Bíodh ciall agat! Bíodh an Filleán Foghlama agat gach lá.

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh róilmeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin róilimirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a úsáid sa teach lóistín.

In Oifig an Phoist sa Ghaeltacht



Suíomh: Oifig an Phoist sa Ghaeltacht.

Róil: Mac Léinn agus Máistir an Phoist.

Cuspóirí: Tá an mac léinn ag iarraidh airgead a fháil agus tá máistir an phoist ag cabhrú leis an mac léinn.

Céim 1: Míneigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus míneigh agus pléigh é.

Téacs:

Mac Léinn: An féidir liom airgead a fháil anseo?

Máistir an Phoist: Is féidir má tá cuntas agat.

Mac Léinn: Tá cuntas agam ceart go leor ach níl ceann agam le hOifig an Phoist.

Máistir an Phoist: Cén áit a bhfuil cuntas agat?

Mac Léinn: Le Banc Aontas Éireann.

Máistir an Phoist: Ba chóir go mbeifeá ceart go leor mar sin. An bhfuil cárta agat, cárta Laser nó cárta dochair?

Mac Léinn: Tá cárta dochair agam. Céard a dhéanaim leis?

Máistir an Phoist: Tabhair dom é, más é do thoil é... Cuir isteach d'uimhir aitheantais phearsanta ansin agus ansin brúigh an cnaipe glas.

Mac Léinn: Go raibh maith agat.

Máistir an Phoist: Cé mhéad atá uait?

Mac Léinn: Seasca euro.

Máistir an Phoist: Síneigh an admháil seo más é do thoil é... Go raibh maith agat.... Agus seo duit an t-airgead.

Mac Léinn: Nár lagaí Dia thú!

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“An féidir?” ... An féidir? Is féidir / Ní féidir.

“cárta dochair” dochair = *damage* agus *debit* - cárta dochair (an tuiseal ginideach) = *debit card*; creidmheas = *credit* - cárta creidmheasa = *credit card*; aitheantas - cárta aitheantais; leigheas - cárta leighis; léitheoireacht - cárta léitheoireachta; breithlá - cárta breithlae; Nollaig - cárta Nollag; Cáisc - cárta Cásca.

“uimhir aitheantais phearsanta” ... aitheantas - uimhir aitheantais (an tuiseal ginideach); teileafón – uimhir theileafóin; fón póca – uimhir fón póca; cuntas – uimhir chuntais; scrúdú

– uimhir scrúdaithe; Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí; Uimhir Thagartha Cáin Ioncaim; Uimhir Leasa Shóisialta.

“Nár lagaí Dia thú!” = beannacht.

Roinnt beannachtaí eile: Go raibh maith agat! Go méadaí Dia do stór! Go gcumhdaí Dia thú! Gó sábhála Dia sinn! Go bhfoire Dia orainn! Go n-éirí an bóthar leat! Go dtuga Dia slán abhaile thú!

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin rólímirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a úsáid in Oifig an Phoist, sa siopa agus sa teach tábhairne.

Am Saor sa Ghaeltacht

Suíomh: Seomra codlata sa teach lóistín sa Ghaeltacht.

Róil: Beirt mhac léinn.



Cuspóirí: Tá mac léinn amháin ag iarraidh go rachaidh siad amach an oíche sin ach níl fonn rómhór ar an mac léinn eile dul amach.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus mínigh agus pléigh é.

Téacs:

Mac Léinn A: An bhfuil tú ag dul amach anocht?

Mac Léinn B: Nach gcaithfidimid dul amach! Nach bhfuil Céilí againn!

Mac Léinn A: Tá a fhios agam. Ach tar éis an Chéilí? Ceapaim go bhfuil gach duine ag dul go dtí an tÓstán?

Mac Léinn B: Céard a bheidh ar siúl ansin?

Mac Léinn A: Dioscó nó rud éigin.

Mac Léinn B: Dioscó! Cá bhfaigheann tú an fuinneamh?

Mac Léinn A: Ba chóir go mbeadh sé go maith. Tá gach duine ag dul.

Mac Léinn B: Rachaidh mé más féidir leat tacsáí a fháil.

Mac Léinn A: Tacsáí! Níl aon tacsaithe anseo!

Mac Léinn B: Nílímse ag dul áit ar bith mar sin. Táim spíonta! Ní dóigh liom gur shiúil mé an oiread sin riamh. Ba chóir go mbeadh bus ag an gColáiste chun sinn a thabhairt go dtí an Coláiste agus ar ais.

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“anocht”... anocht, aréir, arú aréir, oíche amárach, istoíche (san oíche).

Inniu, inné, arú inné, amárach, arú amárach (amanathar).

“nach gcaithfidimid?”... = nach bhfuil orainn? = nach mór dúinn? = nach éigean dúinn? = nach bhfuil sé éigeantach? = nach bhfuil sé riachtanach?

“spíonta” = an-tuirseach ar fad, tuirseach traochta; stiúgtha leis an ocras = an-ocrach ar fad; spalptha = an-tart ar fad ar an duine; préachta = an-fhuar ar fad; stromptha (*stiff*) leis an bhfuacht nó ó bheith ag obair.

“Ba chóir go mbeadh bus ag an gColáiste” ... Aon rud eile ba chóir a bheith ag an gColáiste? Ba chóir go mbeadh...

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin, rólímirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a labhairt sa teach.

OIFIG AN PHRÍOMHOIDE

Oifig an Phríomhoide i mBunscoil

Suíomh: Oifig an Phríomhoide sa scoil ar an gcéad lá den Socrúchán Scoile.

Róil: Mac Léinn agus Príomhoide.

Cuspóirí: Tá an mac léinn á cur féin in aithne don Phríomhoide arís agus tá an Príomhoide ag ligean air nach bhfuil sé dearmadta aige go mbeidh an mac léinn ag tosú inniu.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus mínigh agus pléigh é.

Téacs:

Príomhoide: Tar isteach! Cén chaoi a bhfuil tú ar maidin? An féidir liom cabhrú leat?

Mac Léinn: Is mise Niamh Ní Riain ón gColáiste Oideachais. Táim ag tosú ar mo Shocrúchán Scoile anseo inniu.

Príomhoide: Tá! Tá an ceart agat, ar ndóigh. Fáilte romhat! Cén chaoi a bhfuil tú? Nár bhuail mé leat cheana! An bhfuil tú réidh?

Mac Léinn: Is dóigh liom go bhfuil. An bhfuil sé ceart go leor má théim síos go dtí an seomra ranga?

Príomhoide: Siúlfaidh mé síos leat. Cén rang a bheidh agat arís?

Mac Léinn: Rang a Ceathair.

Príomhoide: Le Sorcha! Is rang iontach iad. Bhuail tú leo cheana féin, nár bhuail?

Mac Léinn: Bhuail, nuair a bhí mé anseo ar réamhchuart. Tá siad an-chliste.

Príomhoide: Is múinteoir den scoth Sorcha. Tá caidreamh iontach aici leis na gasúir.

Táim cinnte go réiteoidh tusa go han-mhaith leo freisin.

Mac Léinn: Le cúnamh Dé, réiteoidh.

Príomhoide: Á! Seo í anois! A Shorcha! Bhuail tú le ... Céard is ainm duit arís?

Mac Léinn: Niamh.

Príomhoide: Bhuail tú le Niamh cheana.

Múinteoir: Bhuail. Fáilte romhat, a Niamh! Bhíomar ag súil le do theacht. An rachaimid isteach?

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“Cén chaoi a bhfuil tú?” = Conas atá tú? = Cad é mar atá tú?

“Nár bhuail mé leat cheana?” ... Buailteann tú le duine...ag cruinniú nó ag cóisir.

Buailteann tú duine nuair a bhíonn tú ag dornálaíocht nó buailteann gluaisteán duine nó buailteann tú druma. Airgead a bhualadh = “to mint money”; foireann a bhualadh = an bua a fháil ar fhoireann; tá Corcaigh buailte = tá an cluiche cailte ag Corcaigh; bhuail an slaghdán é; bhuail ocras / tart mé; bhuail eagla / náire é; bhuail smaoineamh í; bhuail siad síos an bóthar; bhuail siad ar aghaidh; bhuail mé comhrá air; tá an dá theach buailte ar a chéile (*adjoin each other*); Buail fút! (Suigh síos!); bob a bhualadh ar dhuine = cleas a imirt ar dhuine; Seanfhocal: “An té a bhíonn thuas óltar deoch air. An té a bhíonn thíos buailtear cos air.”

Buileam sciath = do sciath á bualadh agat agus tú ag iarraidh eagla a chur ar dhaoine eile.

“réamhchuart” = cuairt ar an scoil roimh an Socrúchán Scoile; réamhobair; réamhrá; réamhfhocal; réamh-Cheilteach; réamhfhógra; cúrsa réamhphósta; réamhshocrú.

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin rólímirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil ar scoil.

Teach atá ar cíos in aice leis an gColáiste Oideachais

Suíomh: Teach atá ar cíos in aice leis an gColáiste Oideachais.

Róil: Mac Léinn agus Ceantálaí.

Cuspóirí: Tá spéis ag an mac léinn an teach a thógáil ar cíos agus tá an ceantálaí ag insint don mhac léinn faoin teach.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus mínigh agus pléigh é.

Téacs:

Mac Léinn: Dia duit! Seo an teach atá ag dul ar cíos, nach ea?

Ceantálaí: Is ea. Tar isteach. Tá cúpla duine eile anseo cheana féin.

Mac Léinn: An féidir liom siúl timpeall?

Ceantálaí: Cinnte. Taispeánfaidh mé timpeall thú. Rachaimid suas staighre ar dtús. An mac léinn tú?

Mac Léinn: Is ea. Táim ag freastal ar an gColáiste Oideachais. Ceathrar againn ar fad atá ann. Bhíomar ag fanacht sa Choláiste anuraidh ach táimid ag iarraidh bogadh amach i mbliana.

Ceantálaí: Mar a dúirt an fógra, is teach do cheathrar é seo. Trí sheomra codlata atá ann, seomra folctha amháin le cithfholcadh, cistin agus seomra suite. Tá íoslach sa teach freisin. Téamh lárnach gáis atá ann le méadar agus íocann tú as an méid a úsáideann tú. Mar an gcéanna leis an leictreachas.

Mac Léinn: Agus an cíos?

Ceantálaí: Is é an cíos ná dhá mhíle euro in aghaidh na míosa. Caithfear an cíos a íoc ar an gcéad Luan de gach mí agus éarlais de chúig chéad euro nuair a bheidh an Conradh á shíniú.

Mac Léinn: Cá fhad a bheidh an Conradh?

Ceantálaí: Conradh bliana atá i gceist ón gcéad lá de Mheán Fómhair go dtí an t-aonú lá is tríocha de Lúnasa. Tá aláram ar an teach chomh maith.

Mac Léinn: Is teach deas é... Beidh orm labhairt le mo chairde.

Ceantálaí: Tá a fhios agam. Scríobh d'ainm agus d'uimhir ghutháin ansin agus glaofaídh mé ort amárach.

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“Seo an teach atá ag dul ar cíos, nach ea?” ... ar cíos (staid nó coinníoll, gan séimhiú ar an túschonsan)

Staideanna nó coinníollacha eile: ar siúl; ar bís; ar meisce; ar buile; ar seachrán; ar strae; ar crith; ar saoire; ar dualgas; ar ceal; ar Conradh; ar pinsean; ar fionraí; ar fóraoil; ar díol; ar ceant.

“cúpla duine” (an uimhir uatha i gcónaí tar éis “cúpla”) ... cúpla lá, cúpla bliain, cúpla teach.

“cúpla” = “twins”. “I am a twin.” = Is leathchúpla mé.

duine ar leathchois = duine le cos amháin; duine ar leathláimh = duine le lámh amháin; ar leathghlúin = ar ghlúin amháin; leathbhád = “a half-decked boat” ... “Is é an scéal a chuir sí aniar chugam go ndéanfadh leathbhád seoil.” (Peigín Leitir Mhóir). Bhí sé ar leathmhaing. = “He was lopsided (beagáinín ar meisce).”

“An féidir?” ... An féidir? Is féidir / Ní féidir.

Suas/Thuas/Anuas; Síos/Thíos/Aníos

Chuaigh an mac léinn agus an ceantálaí suas staighre. Nuair a bhí siad thuas staighre d’fhéach siad ar na seomraí codlata. Tháinig siad anuas tar éis tamaill. Chuaigh siad síos san íoslach ansin. D’fhéach siad ar an spás a bhí thíos ansin agus tar éis tamaill tháinig siad aníos. “Táim ag freastal ar an gColáiste Oideachais.” Bíonn tú ag freastal ar áit, mar shampla, ar scoil, ar mheánscoil, ar ollscoil, ar institiúid, ar choláiste oideachais, ar choláiste Gaeltachta agus bíonn bean a’ tí ag freastal ar an mbord sa teach lóistín.

“ceathrar” = uimhir phearsanta. Uimhreacha pearsanta agus an Tuiseal Ginideach Iolra ina ndiaidh: beirt bhuachaillí / beirt bhan; triúr cailíní; ceathrar múinteoirí; cúigear sagart; seisear mairnéalach; seachtar ceoltóirí; ochtar fear; naonúr saighdiúirí; deichniúr marcach. Áiteanna ar leith i dteach: Íoslach (basement); áiléar (attic).

Áiseanna i dTeach: leictreachas; téamh lárnach; uisce reatha; leathanbhanda; teileafón; córas séarachais; dabhach shéarachais.

“in aghaidh na míosa” ... mí ... in aghaidh na míosa; seachtain .. in aghaidh na seachtaine; bliain .. in aghaidh na bliana.

“éarlais” = “deposit”; brabús = “profit”; ús = “interest”; morgáiste; lacáiste / lascaine = “discount”; margadh = “market / deal”; sladmhargadh = “a cheap bargain”; na reiceanna = “the sales”.

“beidh orm” = caithfidh mé = ní mór dom = ní foláir dom = is éigean dom.

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin rólímirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a úsáid ina saol pearsanta.

Suíomh: Roinn Timpistí agus Éigeandála in Ospidéal.

Róil: Mac Léinn agus Banaltra.

Cuspóirí: Tá an mac léinn ag cur in iúl go bhfuil sí gortaithe agus tá an t-altra ag lorg eolais uaithe.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus mínigh agus pléigh é.



Téacs:

Altra: Céard a tharla duitse?

Mac Léinn: Bhí mé ag imirt camógaíochta agus fuair mé buille de chamán sa rúitín.

Altra: Taispeáin dom é. Bain díot do bhróg agus do stoca.

Mac Léinn: Tá sé an-tinn! Ní féidir liom seasamh ná siúl air.

Altra: Timpiste a bhí ann is dócha?

Mac Léinn: Nílím róchinnte faoi sin. Bhí mé ag dul tríd leis an sliotar agus tharraing an cailín seo trasna orm, d'aon ghnó is dóigh liom.

Altra: Ar thóg an réiteoir a hainm?

Mac Léinn: Ní bhfuair mé poc saor fiú. An dóigh leat go bhfuil sé briste?

Altra: Níl a fhios agam. Tá sé an-ata gan amhras. Caithfidimid x-gha a fháil chun a fháil amach an bhfuil sé briste nó nach bhfuil.

Mac Léinn: An dtógfaidh sé sin i bhfad?

Altra: Tóg suíochán lasmuigh le do chara agus beidh duine éigin leat chomh luath agus is féidir.

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“ag imirt camógaíochta”... camógaíocht ... ag imirt camógaíochta (an Tuiseal Ginideach); peil ... ag imirt peile; sacar ... ag imirt sacair; galf ... ag imirt gailf; snúcar ... ag imirt snúcair; ag iomáint / ag iománaíocht.

Ceol ... ag seinm ceoil.

“d'aon ghnó” = “on purpose”; trí thimpiste; in ainneoin na drochaimsire = “in spite of...”, de m'ainneoin = “in spite of me”; rinne mé é de mo dheoin féin = “I did it of my own free will”.

“poc saor”... poc éirice / poc pionóis = “penalty”; poc sleasa = “sideline cut”; poc amach.

“ata” = “swollen”; briste; brúite = bruised; gearrtha; cneá = “wound”; an bhfuil sé ag cneasú? = “is it healing?”; cneasaithe = “healed”.

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin rólímirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a úsáid ina saol pearsanta.



Saor-Rólímirt

Cluiche Peile le Muintir na hÁite

Suíomh: An bóthar lasmuigh den Choláiste Gaeltachta tar éis na ranganna.

Róil: Mac léinn a bhfuil spéis aige sa pheil agus captaen na foirne áitiúla.

Cuspóirí: Tá spéis ag captaen na foirne áitiúla cluiche dúshláin a eagrú in aghaidh bhuachaillí an Choláiste Ghaeltachta. Tá an mac léinn lántoilteanach foireann a chur le chéile ach tá sé beagáinín imníoch faoin bpáirc.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí. Spreag na mic léinn teacht aníos leis an nGaeilge a bheidh ag teastáil uathu sa rólímirt. Úsáid an t-ionchur teanga thíos.

Íomhá: Turc V Inis Oírr
<http://www.balls.ie/gaa/travel-ireland/>

Ionchur Teanga (Ceisteanna, Freagraí, Nathanna Cainte agus Foclóir a d'fhéadfadh a bheith úsáideach):

Feicim sibh thíos sa pháirc ag bualadh peile / ag traenáil gach tráthnóna.

An bhfuil mórán peileadóirí maithe agaibh?

Tá roinnt mhaith. Tá cúpla duine againn a imríonn peil lena gcontae.

Céard fúibh féin?

Táimid maith go leor. Beidh an chéad bhabhta de chraobh an chontae ag tosú i gceann coicíse.

An mbeadh spéis agaibh i gcluiche dúshláin?

Bheadh.

Cathain?

Beimid saor tar éis an lóin Dé Domhnaigh ... Níl an pháirc an-mhín ... Tá go leor cloch ann.

Ná bí ag déanamh leithscéalta cheana féin. An ndéarfaimid a trí a chlog?

Go breá.

Céard faoi réiteoir?

Ara! Scaoilfimid leis an imirt.... Ná bí buartha! Tabharfaimid an fheadóg do dhuine éigin.

Tá súil agam nach mbeidh aon ghá le cártaí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn rólímirt a dhéanamh.

Céim 3: Pléigh an teanga a bhí in úsáid ag na mic léinn.

Céim 4: Malartaigh na róil agus iarr orthu rólímirt a dhéanamh arís.

Céim 5: Spreag na mic léinn Gaeilge a labhairt le muintir na háite.

Socrúchán Scoile

Suíomh: An pasáiste lasmuigh de dhoras an tseomra ranga.

Róil: Feitheoir agus mac léinn.

Cuspóirí: Tá an feitheoir ag iarraidh cuairt a thabhairt ar an mac léinn agus tá an mac léinn lánsásta leis sin.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí. Spreag na mic léinn teacht aníos leis an nGaeilge a bheidh ag teastáil uathu sa róilimrt. Úsáid an t-ionchur teanga thíos.



Ionchur Teanga (Ceisteanna, Freagraí, Nathanna Cainte agus Foclóir a d'fhéadfadh a bheith úsáideach):

Dia duit, a Niamh!

Dia is Muire duit, a Liam! Fáilte romhat!

Cén chaoi a bhfuil rudaí ag dul ar aghaidh?

Ar fheabhas. Tá an rang go hiontach. Ceapaim go bhfuil na hainmneacha go léir ar eolas agam anois.

Tá tú ag socrú isteach mar sin.

Tá agus tá an-tacaíocht á fáil agam ón muinteoir. An bhfuil tú ag teacht isteach?

Ba bhreá liom. Céard atá ar siúl agat faoi láthair?

Táim ag críochnú Gaeilge agus ansin beidh Matamaitic agam.

Feicim sin ceart go leor ar do Chlár Ama. Tógfaidh mé d'Fhillteán ar dtús.

Seo duit!

Go raibh maith agat. Beidh mé ar ais i gceann fiche nóiméad. Tá cathaoir dom ag bun an tseomra?

Tá.

Go n-éirí leat!

Go raibh maith agat, a Liam.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn rólimirt a dhéanamh.

Céim 3: Pléigh an teanga a bhí in úsáid ag na mic léinn.

Céim 4: Malartaigh na róil agus iarr orthu rólimirt a dhéanamh arís.

Céim 5: Spreag na mic léinn Gaeilge a labhairt ar Socrúchán Scoile.

Cóisir Bhliain is Fiche

Suíomh: Teach tábhairne in aice leis an gColáiste Oideachais.

Róil: Mac Léinn agus bainisteoir an tí.

Cuspóirí: Tá spéis ag an mac léinn seomra a chur in áirithe dá chóisir bhliain is fiche agus tá bainisteoir an tí ag míniú na gcoinníollacha go léir dó.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí. Spreag na mic léinn teacht aníos leis an nGaeilge a bheidh ag teastáil uathu sa rólimirt. Úsáid an t-ionchur teanga thíos.



Ionchur Teanga (Ceisteanna, Freagraí, Nathanna Cainte agus Foclóir a d'fhéadfadh a bheith úsáideach):

Ligeann sibh se seomraí amach ar cíos, nach ligeann?

Ligeann, le haghaidh cóisirí breithlae agus araile.

Tá spéis agam seomra a thógáil ar cíos ar an Aoine, an t-aonú lá is fiche de Dheireadh Fómhair.

Fan go bhfeice mé.... Is ea. Tá an seomra saor an oíche sin. An bhfuil tú ag iarraidh é a chur in áirithe?

Bhuel! Cén praghas atá air don oíche?

Níl aon praghas air, i ndáiríre. Caithfidh tú éarlais de dhá chéad euro a íoc mí roimh ré ach gheobhaidh tú é sin ar ais má théann an chóisir ar aghaidh.

An ndéanann sibh bia?

Déanann. Tugaimid sicín, ispíní agus sceallóga amach ar chúig euro an duine. An bhfuil tú ag súil le mórán daoine?

Thar ar chaoga.

Agus céard faoi cheol?

Is féidir linn é sin a eagrú chomh maith. Cosnaíonn sé céad caoga euro do dhá uair an chloig.

An féidir liom mo cheol féin a eagrú?

Ní féidir. Caithfidh tú ár gceirneoir (DJ) féin a úsáid. An gcuirfidh mé an seomra in áirithe

Céim 2: Iarr ar na mic léinn rólímirt a dhéanamh.

Céim 3: Pléigh an teanga a bhí in úsáid ag na mic léinn.

Céim 4: Malartaigh na róil agus iarr orthu rólímirt a dhéanamh arís.

Céim 5: Spreag na mic léinn Gaeilge a úsáid ina saol pearsanta.

Obair Bheirte

Cur Chuige:

- Abair leis na mic léinn go bhfuil siad chun Obair Bheirte a dhéanamh ar thopaic éigin, mar shampla, “An Turas go dtí an Ghaeltacht”.
- Lorg cabhair na mac léinn chun na ceisteanna a chuirfidh siad ar a chéile a chumadh. Ag an am céanna scríobh eochairfhocail (sna samplaí thíos na focail atá i gcló trom) gach ceiste ar an gclár bán agus lorg cabhair na mac léinn freagraí éagsúla ar na ceisteanna sin a thabhairt i.e. déan ionchur teanga agus múin dóibh an Ghaeilge a bheidh ag teastáil uathu níos deireanaí san obair bheirte.
- Spreag na mic léinn na ceisteanna atá ar an gclár bán a chur ort féin an múinteoir, ceann i ndiaidh a chéile. Freagair na ceisteanna ag tarraingt ar an nGaeilge a bhí san ionchur teanga.
- Eagraigh an rang i mbeirteanna, A agus B, A chun na ceisteanna a chur agus B chun na ceisteanna a fhreagairt.
- Iarr ar gach beirt obair bheirte a dhéanamh ag an am céanna.
- Siúil timpeall agus ó am go chéile glac páirt san obair bheirte le beirteanna éagsúla, de réir mar a oireann. Is fearr dreas gearr gonta d’obair bheirte le fócas géar ná dreas fada a d’fhéadfadh dul ar seachrán go héasca.
- Tar éis tamaillín, ar bhonn ranga téigh siar an teanga a bhí in úsáid ag na mic léinn, agus ar bhonn neamhphearsanta, ceartaigh aon bhotúin a chuala tú nuair a bhí tú ag siúl timpeall.
- Iarr ar gach beirt obair bheirte a dhéanamh arís ach an uair seo, B ag cur na gceisteanna agus A á bhfreagairt.
- Ar bhonn ranga, déan tagairt do rud éigin spéisiúil a chuala tú á rá san obair bheirte agus déan iarracht plé oscailte ranga a spreagadh.
- Mol iarrachtaí na mac léinn.
- Mínigh an cur chuige a d’úsáid tú mar mhúinteoir agus obair bheirte á déanamh agat leis na mic léinn.

(Is féidir Obair Bheirte a úsáid le haon Téama sa Siollabas agus gach duine a chur ag labhairt Gaeilge ag an am céanna.)

An Turas go dtí an Ghaeltacht



Cén t-am a d'fhág tú baile? (D'fhág mé ar ...[am].)

Cén chaoi ar/ **Conas** a/ **Cad é** mar a tháinig tú? (Fuair mé síob ó .../ Fuair mé traein ar dtús agus ansin fuair mé bus. Bhí orm bád a fháil ansin. / Thiomáin mé.)

An raibh tú **leat féin** ar an turas? (Bhí/ Ní raibh. Bhuail mé suas le ... ar dtús agus thaistealaíomar le chéile.)

Cén chaoi ar chaith tú **an t-am ar an mbus/ ar an traein?** (D'éist mé le ceol/ Bhí mé ar m'íPad/ Bhí mé ar m'fhón cliste/ Léigh mé irisleabhar/ Thit mé i mo chodladh ar feadh tamaill.)

Ar thóg tú **lón** leat? (Thóg. Bhí ceapairí agus buidéal uisce agam i mo mhála. / Níor thóg. Nuair a stop an bus ... léim mé amach agus cheannaigh mé ...)

Cén t-am a shroich tú ceann scríbe? (Shroich mé ceann scríbe ar ...[am].)

Cá fhad a thóg an turas san iomlán? (Thóg sé uair a' chloig/ dhá uair a' chloig/ trí huaire a' chloig/ ceithre huaire a' chloig/ cúig huaire a' chloig.)



Mo Teach Lóistín sa Ghaeltacht

Céard is ainm **do Bhean a' Tí?** (Máire Uí Ghríofa nó Máire Mhicil Pheadair mar is fearr aithne uirthi.)

Céard is **ainm don áit** ina bhfuil an teach?

Tabhair **treoracha** dom go dtí an teach? (Nuair a théann tú amach doras an Choláiste casann tú ar dheis/chlé, téann tú ar aghaidh ar feadh trí chéad méadar nó mar sin, casann tú ar chlé roimh an droichead, ansin tógann tú an chéad/ dara/ tríú casadh ar dheis agus go han-luath ina dhiaidh sin feicfidh tú an teach ar clé thuas ar ard/ thíos i ngleann.)

Inis dom faoin **teach**. (Teach scoite/ bungaló is ea é. Teach aon stór/ dhá stór is ea é le fuinneoga dormánta. Tá plásóg an-deas os comhair an tí agus tá bláthanna deasa ag fás ar deis agus ar clé. Tá ceithre sheomra codlata ann do na mic léinn agus seomra bia breá mór.)

Cé mhéad mac léinn atá ag fanacht ann? (... seisear/ seachtar/ ochtar/ naonúr/ deichniúr/ aon duine dhéag/ dháréag/ trí dhuine dhéag...)

Cá bhfuil **do sheomra codlata féin?** (Tá sé chun tosaigh/ ar deis/ ar clé nuair a théann tú isteach/ ar chúl an tí/ thíos staighre/ thuas staighre. Tá radharc iontach agam. Is féidir liom ... a fheiceáil.)

Cé mhéad duine atá i do sheomra codlata?

Agus **an bia?**

An bhfuil **aon pháistí** sa teach? Inis dom fúthu.

Comhrá

Céard atá i gceist?

- 10 nóiméad ag tús gach lae
- Obair Bheirte
- Imeachtaí an Choláiste Ghaeltachta
- Imeachtaí an Tí
- Rudaí a bhí/a bheidh ag tarlú
- Nithe tráthúla

Comhrá – deis don ghramadach i gcomhthéacs

- An Briathar (A.C.): Céard a rinne tú aréir?
- An Briathar (A. L.): Céard a tharlaíonn anseo ag an deireadh seachtaine?
- An Briathar (A. F.): Céard a dhéanfaidh tú tar éis na ranganna inniu?
- An Briathar (M.C.): Céard a dhéanfa dá mbeadh an aimsir go deas?
- **An Chopail:**

Is ceantar ciúin iargúlta é seo.

Is daoine cairdiúla iad muintir na háite.

Is bungaló é mo theach.

Is feirmeoir é fear an tí.

Is tobar beannaithe é.

- **Suíomh, Gluaiseacht, Treo:**

Téann tú siar an bóthar thar an siopa agus tá an teach ansin ar clé.

Tá gaoth aniar aneas ag séideadh.

Tá oifig an phoist thuas in aice leis an séipéal.

Cúram sa Chomhrá

Déanfar cúram an t-am ar fad de na rudaí seo:

- Ceartúsáid na teanga
- Foghraíocht na mac léinn
- Stór focal
- Saibhreas cainte
- Féinmhuinín ag labhairt na Gaeilge

Féachfar chuige go mbeidh an t-ionchur teanga chomh saibhir agus is féidir.

Téamaí Churaclam na Bunscoile

Faoin Téama ‘Mé Féin Mar Fhoghlaimeoir’, caithfear aitheantas a thabhairt do théamaí Churaclam na Bunscoile agus cumas Gaeilge na mac léinn oideachais á chothú:

Mé Féin

Sa Bhaile

An Scoil

Bia

An Teilifís

Siopadóireacht

Caitheamh Aimsire

Éadaí

An Aimsir

Ócáidí Sóisialta

Mar shampla:

Téama: Bia	
Comhrá Neamhfhoirmiúil	Faigh amach ón duine in aice leat cúig bhia a thaitníonn leis/léi agus cúig bhia nach dtaitníonn leis/léi. Inis an rud céanna fútsa.
Tasc léitheoireachta nó éisteachta	Oideas. Dán faoi bhia. Scéal “An Caitín a d’ith an píotsa.”
Tasc scríbhneoireachta	Seanfhocail agus frásaí a bhaineann le bia. léirmheas ar bhalann.
Rólimirt i mbeirteanna	Tá tú ar chúrsa Gaeltachta agus ní thaitníonn an bia leat. Cad a déarfadh tú le bean an tí?
Obair aonair	Athruithe a dhéanfaidh tú ar d’aiste bia chun a bheith níos sláintiúla.
Gramadach	Ag cur agus ag freagairt ceisteacha: An maith leat? Is maith/ní maith liom. Ar mhaith leat? Ba/níor mhaith liom.

Bainisteoireacht Ranga

Ní ábhar amháin atá sa Ghaeilge sa bhunscoil, is teanga í chomh maith. Tá tábhacht ar leith ag baint le húsáid neamhfhoirmiúil na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide sa bhunscoil.

Anseo thíos, aithnítear na príomhócáidí i rith an scoil-lae nuair a bhíonn cumarsáid neamhfhoirmiúil ann idir an múinteoir agus na páistí, mar shampla, sa chlós ar maidin roimh thús na scoile, sa seomra ranga ag tús an lae, bainisteoireacht ranga i rith an lae, ag am rolla, nuair a bhíonn an obair bhaile á ceartú, ag am lóin, sa chlós ag am sosa agus ag deireadh an lae. Aithnítear riachtanais chumarsáide an mhúinteora sna hócáidí sin agus na feidhmeanna teanga a bhíonn á gcomhlíonadh - ag beannú do na páistí, ag gabháil buíochais leo, ag gabháil leithscéil, ag fágáil sláin leo, ag iarraidh ar na páistí rudaí éagsúla a dhéanamh laistigh agus lasmuigh den seomra ranga, ag tabhairt treoracha dóibh, ag cur comhairle orthu, á moladh, á gceistiú, ag cur i gcuimhne dóibh rudaí éagsúla a dhéanamh agus araile.

Sa Líne sa Chlós ar Maidin

A Aisling! Seas sa líne más é do thoil é.

Anois, a pháistí! Seasaigí sa líne.

Isteach sa líne leat, a Bhreandáin!

Isteach sa líne libh, a pháistí!

A Rang a Cúig! Déanaigí líne dhíreach.

Seas siar ansin, a Chiaráin agus lig do Phól dul isteach sa líne.

A Aisling! Bog siar!

Bogaigí siar, a pháistí!

Siúil, a Chiara!

Siúlaigí, a pháistí!

Ar aghaidh leat, a Eoghain!

Ar aghaidh libh, a chailíní!

Bí cúramach ansin, a Mháire!

Bígí cúramach ansin, a pháistí!

Ta an talamh sleamhain.

Tá an cosán sleamhain.

Seachain an leac oighir, a Liam!

Seachnaigí an leac oighir, a pháistí!

A Chiaráin! Fan amach as an lochán uisce!

A pháistí! Fanaigí amach as an lochán uisce!

Brostaigh, a Mháire!

Brostaigí, a pháistí!

Déan deifir, a Thomáis!

Déanaigí deifir, a pháistí!

Tá tú déanach, a Liam!

Aisling! Stand in the line please.

Now children! Stand in the line.

Into the line with you, Brendan!

Into the line with you, children!

Fifth Class! Make a straight line.

Stand back, Ciarán and let Pól into the line.

Aisling! Move back!

Move back, children!

Walk, Ciara!

Walk, children!

On you go, Eoghan!

On you go, girls!

Be careful there, Mary!

Be careful there, children!

The ground is slippery.

The footpath is slippery.

Avoid the ice, Liam!

Avoid the ice, children!

Ciarán! Stay out of the pool of water!

Children! Stay out of the pool of water!

Hurry, Máire!

Hurry, children!

Hurry, Tomás!

Hurry, children!

You are late, Liam!

Tá sibh déanach, a pháistí!

You are late, children!

Ag Doras na Scoile

Seo duit an eochair/na heochracha!

Here is the key/ are the keys for you!

Scaoil an glas.

Undo the lock.

Bain an glas.

Take off the lock.

Oscail an doras.

Open the door.

Seas siar agus lig dom an doras a oscailt.

Stand back and allow me to open the door.

Coinnigh greim ar an doras, a Niamh.

Keep a hold on the door, Niamh.

Glan do bhróga, a Liam.

Clean your shoes, Liam.

Glanaigí bhur mbróga, a pháistí.

Clean your shoes, children.

Dún an doras, a Niamh.

Close the door, Niamh.

Tús an Lae sa Seomra Ranga

Dia daoibh, a pháistí!

Hello, children!

A Mháire! Bain díot do chóta!

Mary! Take off your coat!

A pháistí! Bainigí díbh bhur gcótaí!

Children! Take off your coats!

A Shíle! Croch suas do chóta/scaif/ hata ar an ráille.

Síle! Hang up your coat/scarf/hat on the rail.

A pháistí! Crochaigí suas bhur gcótaí ar an ráille.

Children! Hang up your coats on the rail.

Cé leis na lámhainní seo?

Who owns these gloves?

Cuir i bpóca do chóta iad.

Put them in the pocket of your coat.

A Chiara! Oscail an fhuinneog.

Ciara! Open the window.

A Bhriain! Tóg anuas do chathaoir.

Brian! Take down your chair.

A pháistí! Tógaigí anuas bhur gcathaoireacha.

Children! Take down your chairs.

A pháistí! Cuirigí bhur málaí faoi na boird.

Children! Put your bags under the tables.

A Thomáis! Ná fág do mhála scoile sa phasáiste.

Tomás! Don't leave your schoolbag in the passageway.

Cuir isteach faoin mbord é, a Liam.

Put it in under the table, Liam.

Tá sé an-dorcha maidin inniu. Las na soilse, a Ghearóid.

It's very dark this morning. Turn on the lights, Gearóid.

Tá sé in am dúinn tosú.

It is time for us to start.

Obair Bhaile

A Chaoimhín! Tóg amach d'obair bhaile.

Caoimhín! Take out your homework.

Tógaigí amach bhur n-obair bhaile, a pháistí.

Take out your homework, children.

An bhfuil d'obair bhaile déanta agat, a Bhríd?

Have you got your homework done, Bríd?

Cén fáth nach bhfuil d'obair bhaile déanta agat, a Eoghain?

Why haven't you got your homework done, Eoghan?

A Mháire! Cén fáth nach ndearna tú d'obair bhaile aréir?

Máire! Why didn't you do your homework last night?

Taispeáin dom do chóipleabhar, a Pheadair.

Show me your copybook, Peadar.

Cén freagra a fuair tú, a Liam?

What answer did you get, Liam?

Cé a fuair an freagra sin?

Who got that answer?

An bhfuil an freagra sin ceart nó mícheart?

Is that answer right or wrong?

An dtuigeann tú é sin, a Shíle?

Do you understand that Síle?

An dtuigeann sibh é sin, a pháistí?

Do you understand that children?

An dtuigeann gach duine é sin?

Does everybody understand that?

Bailigh/Cruinnigh na cóipleabhair, a Sheáin agus fág ar mo bhord iad.

Collect the copybooks, Seán and leave them on my table.

An Rolla

Cá bhfuil mo leabhar rolla?	Where is my Roll Book?
A Niamh! Téigh síos go dtí an oifig agus faigh mo Leabhar Rolla.	Niamh! Go down to the office and get my Roll Book.
An bhfuil gach duine ar scoil inniu?	Is everybody at school today?
Cé atá as láthair?	Who is absent?
Cé mhéad duine atá as láthair inniu?	How many people are absent today?
Cé mhéad buachaill/ cailín atá as láthair?	How many boys/girls are absent?
A Sheáin! Cén fáth nach raibh tú ar scoil inné?	Seán! Why weren't you at school yesterday?
An bhfuil nóta agat?	Do you have a note?
An raibh tú tinn?	Were you sick?
An bhfuil biseach ort anois?	Are you better now?

Am Lóin

Am lóin atá ann.	It is lunch time.
Tóg amach do lón, a Chaoimhín.	Take our your lunch, Caoimhín.
Tógaigí amach bhur lón, a pháistí.	Take our your lunch, children.
Cá bhfuil do lón, a Chiaráin?	Where is your lunch, Ciarán?
An ndearna tú dearmad ar do lón, a Bhriain?	Did you forget your lunch, Brian?
Anois, a pháistí! Is féidir libh bhur lón a ithe.	Now, children! You may eat your lunch.
Cá bhfuil an bainne?	Where is the milk?
A Eoghain! Téigh síos go dtí an doras tosaigh, faigh an bainne, tabhair ar ais é agus tabhair cartán amháin do gach duine.	Eoghan! Go down to the front door, get the milk, bring it back and give one carton to each person.
Ith suas do lón, a Phóil.	Eat up your lunch, Pól.
Ithigí suas bhur lón, a pháistí.	Eat up your lunch, children.
Ól suas do bhainne, a Chiara.	Drink up your milk, Ciara.
Ólaigí suas bhur mbainne, a pháistí.	Drink up your milk, children.
Go raibh maith agat, a Eoghain!	Thank-you, Eoghan!
Míle buíochas!	A thousand thanks!
Go raibh míle maith agat!	A thousand thanks to you!
Go méadaí Dia do stór!	May God increase your store!
A Áine! Glan do bhord.	Áine! Clean your table.
Anois, a pháistí! Glanaigí bhur mboird.	Now, children! Clean your tables.
A Liam! Cuir an bruscar sin go léir sa bhosca bruscair.	Liam! Put all that rubbish in the rubbish bin.
Anois, a pháistí! Cuirigí an bruscar sa bhosca bruscair.	Now children! Put the rubbish in the rubbish bin.
A Úna! Dún do bhosca lóin agus cuir isteach é.	Úna! Close your lunch box and put it in.
Anois, a pháistí! Dúnaigí bhur mboscaí lóin agus cuirigí isteach iad.	Now children! Close your lunch boxes and put them in.
Téigh go dtí an leithreas anois, a Eoghain.	Go to the toilet now, Eoghan.
Téigí go dtí an leithreas anois, a pháistí.	Go to the toilet now, children.
Nigh do lámha, a Bhríd.	Wash your hands, Bríd.
Nígí bhur lámha anois, a pháistí.	Wash your hands now, children.
A Fheargail! Ná déan dearmad do lámha a ní.	Fergal! Do not forget to wash your hands.
A pháistí! Ná déanaigí dearmad bhur lámha a ní.	Children! Do not forget to wash your hands.

Crap suas do mhuintillí, a Sheáin.
Crapaigí suas bhur muinchillí, a pháistí.
A pháistí! Tá cead agaibh dul amach go dtí an clós anois.
Anois, a pháistí! Níl cead agaibh dul amach go dtí an clós inniu. Tá sé ag cur báistí agus tá sé ró-fhliuch.
A Bhriain! Tóg amach do leabhar leabharlainne agus léigh é.
A pháistí! Tógaigí amach bhur leabhair leabharlainne agus léigí iad.
A Éamonn! Faigh do chóta agus cuir ort é.

Fold up your sleeves, John.
Fold up your sleeves, children.
Children! You've got permission to go out to the yard now.
Now children! You don't have permission to go out to the yard today. It's raining and it is too wet.
Brian! Take out your library book and read it.
Children! Take out your library books and read them.
Éamonn! Get your coat and put it on.

Sa Chlós ag Am Sosa

Tóg go bog é, a Phóil!
Tógaigí go bog é, a pháistí!
Bí cúramach ansin, a Eoghain!
Bígí cúramach ansin, a pháistí!
Tabhair aire duit féin ansin, a Mháire!
Tugaigí aire daoibh féin ansin, a pháistí!
A Phádraig! Fan amach uaidh!
A Phádraig! Fan amach uaithe!
A Phádraig! Fan amach uathu!
A pháistí! Fanaigí amach óna chéile!
Ná déan é sin, a Thomáis!
Ná déanaigí é sin, a pháistí!
Tá sé sin dána!
Tá sé sin contúirteach/dainséarach!
Ná bí garbh, a Chiaráin!
Ná bí garbh, a pháistí!
A Niamh! Ná leag lámh ar aon duine eile!
A Nollaig! Ná buail aon duine riamh!
A Aisling! Tá mé ag féachaint/ag faire ort!
A pháistí! Tá mé ag féachaint/ ag faire oraibh!
A Bhreandáin! Ná bí...
A pháistí! Ná bígí...
A Mháire! Ná bí ag rith go ró-thapa!
A Eoghain! Ná bí ag troid!
A Chiaráin! Ná bí ag ciceáil!
A Shíle! Ná bí ag pleidhcíocht!
A Bhriain! Ná bí ag méiseáil!
A Shorcha! Ná bí ag screadaíl!
A Liam! Ná bí ag béiceadh!
A Áine! Ná bí ag eascainí!
A Chaoimhín! Ná bí ag dreapadh!
A Shíle! Ná bí ag sleamhnú!
A Bhriain! Ná bí ag brú!
A Eoghain! Ná bí ag tarraingt as aon duine!
A Nóra! Ná caith bruscar!
A pháistí! Ná caithigí bruscar!
A Fheargail! Píoc suas an píosa páipéir sin agus caith sa bhosca bruscair é.
Céard atá ar siúl anseo?

Take it easy, Pól!
Take it easy, children!
Be careful there, Eoghan!
Be careful there, children!
Mind yourself there, Máire!
Mind yourselves there, children!
Pádraig! Stay away from him!
Pádraig! Stay away from her!
Pádraig! Stay away from them!
Children! Stay away from each other!
Don't do that, Thomas!
Don't do that children!
That's bold!
That's dangerous!
Don't be rough, Ciarán!
Don't be rough, children!
Niamh! Don't leave a hand on anybody else!
Nollaig! Never hit anybody!
Aisling! I'm watching you!
Children! I'm watching you!
Breandán! Don't...
Children! Don't...
Máire! Don't be running too quickly!
Eoghan! Don't be fighting!
Ciarán! Don't be kicking!
Síle! Don't be fool acting!
Brian! Don't be messing!
Sorcha! Don't be screaming!
Liam! Don't be shouting!
Áine! Don't be swearing!
Caoimhín! Don't be climbing!
Síle! Don't be sliding!
Brian! Don't be pushing!
Eoghan! Don't be dragging out of anyone!
Nóra! Don't throw rubbish!
Children! Don't throw rubbish!
Feargail! Pick up that piece of paper and throw it in the rubbish bin.
What's going on here?

A Bhríd! Céard atá ar siúl agat?
 Céard is ainm duit?
 Cén rang ina bhfuil tú, a Eoghain?
 Céard a tharla?
 A Chaitríona! An bhfaca tusa céard a tharla?
 Cá bhfuair tú é sin, a Aisling?
 Cé a thug é sin duit, a Chormaic?
 Cén fáth a bhfuil tú ag caoineadh, a Dheirdre?
 Ar bhuail duine éigin thú, a Neasa?
 Cé a bhuail thú, a Bhreandáin?
 A Liam! Ar bhuail tusa é?
 A Eoghain! Ar bhuail tusa í?
 An ndúirt tusa é sin, a Thomáis?
 Cé a dúirt é sin?
 Céard a dúirt tú, a Phóil?
 An bhfuil brón ort, a Cháit?
 Abair leis go bhfuil brón ort, a Rónán.
 Abair léi go bhfuil brón ort, a Rónán.
 Ar thit tú, a Bhreandáin?
 Conas a ghortaigh tú féin?
 An bhfuil pian agat in áit éigin?
 Faigh an bosca garchabhrach, a Niamh!
 Suigh anseo ar feadh nóiméid, a Liam.
 Ná bí buartha, a Ruairí.
 A Bhriain! Fan in éineacht leis.
 A Bhriain! Fan in éineacht léi.
 A Aisling! Coinnigh súil air.
 A Aisling! Coinnigh súil uirthi.
 An bhfuil tú ceart go leor arís, a Liam?
 Ar aghaidh leat arís, a Thomáis, agus bí cúramach.
 Beir ar an liathróid sin, a Niamh!
 Coinnigh greim ar an liathróid sin, a Chaoimhín!
 Tabhair dom an liathróid sin, a Phádraig!
 Buail an clog, a Aisling!
 Séid an fheadóg, a Chaoimhín!
 A Bhriain! Ar chuala tú an clog?
 A Chiara! Ar chuala tú an fheadóg?
 Tá an sos thart.
 Tá an cluiche thart.
 Tá an t-am istigh.

Bríd! What are you up to?
 What is your name?
 What class are you in, Eoghan?
 What happened?
 Caitríona! Did you see what happened?
 Where did you get that, Aisling?
 Who gave you that, Cormac?
 Why are you crying, Deirdre?
 Did someone hit you, Neasa?
 Who hit you, Breandán?
 Liam! Did you hit him?
 Eoghan! Did you hit her?
 Did you say that, Tomás?
 Who said that?
 What did you say, Pól?
 Are you sorry, Cáit?
 Tell him that you are sorry, Rónán.
 Tell her that you are sorry, Rónán.
 Did you fall, Breandán?
 How did you hurt yourself?
 Do you have a pain somewhere?
 Get the First Aid Box, Niamh.
 Sit here for a while, Liam.
 Don't be worried, Ruairí.
 Brian! Stay with him.
 Brian! Stay with her.
 Aisling! Keep an eye on him.
 Aisling! Keep an eye on her.
 Are you alright again, Liam?
 On you go again, Thomas, and be careful.
 Catch that ball, Niamh!
 Keep a hold on that ball, Caoimhín!
 Give me that ball, Pádraig!
 Ring the bell, Aisling!
 Blow the whistle, Caoimhín!
 Brian! Did you hear the bell?
 Ciara! Did you hear the whistle?
 The break is over.
 The game is over.
 The time is up.

Bainisteoireacht Ranga

Seas, a Orla!
 Seasaigí, a chailíní!
 Suigh ar do chathaoir, a Fheargail!
 Suígí síos más é bhur dtoil é, a bhuachaillí!
 Téigh go dtí an leabharlann, a Chiara.
 Téigí síos go dtí an oifig, a bhuachaillí.
 Imigh amach anois, a Eoghain!
 Imígí amach anois, a pháistí!

Stand, Orla!
 Stand, girls!
 Sit on your chair, Feargall!
 Sit down please, boys.
 Go to the library, Ciara.
 Go down to the office, boys.
 Go out now, Eoghan!
 Go out now, children!

Tar isteach, a Sheáin! Fáilte romhat!
Tagaigí isteach, a pháistí! Fáilte romhaibh!
Tabhair dom do chóipleabhar, a Mháire.
Tugaigí dom bhur gcóipleabhair anois, a pháistí.
Taispeáin dom do phictiúr, a Eoghain.
Taispeánaigí dom bhur bpictiúir, a bhuachaillí.
Tóg amach do leabhar Béarla, a Chiara.
Tógaigí amach bhur gcóipleabhair, a pháistí.
Dún do leabhar, a Nollaig.
Dúnaigí bhur leabhair, a pháistí.
Oscail do chóipleabhar, a Liam.
Osclaigí bhur gcóipleabhair, a chailíní.
Féach ar an bpictiúr, a Eoghain.
A pháistí! Féachaigí ar an gclár bán.
Éist, a Mháire!
Éistigí leis seo a chailíní más é bhur dtoil é!
Abair é sin as Gaeilge, a Chiara.
Abraigí é seo i mo dhiaidh, a pháistí.
Can é sin, a Aisling!
Canaigí é sin, a chailíní!
Déan é sin anois, a Eoghain!
Déanaigí é sin anois, a pháistí!
Bain triail as, a Liam!
Bainigí triail as, a bhuachaillí!
Léigh amach é, a Niamh.
Léigí ar aghaidh go ciúin, a pháistí.
Scríobh síos é sin, a Phól.
Scríobhaigí síos é sin, a chailíní.
Críochnaigh do phictiúr, a Pheadair.
Críochnaigí é sin anocht, a pháistí.
Tarraing pictiúr deas anois, a Thomáis.
Tarraingigí pictiúr deas anois, a pháistí.
Dathaigh do phictiúr anois, a Chiaráin.
Dathaigí bhur bpictiúir anois, a bhuachaillí.
Gearr amach mar seo é, a Liam.
Gearraigí amach mar seo é, a pháistí.
Tosaigh anois, a Chaoimhín.
Tosaigí anois, a pháistí.
Lean ar aghaidh, a Liam.
Leanaigí ar aghaidh, a chailíní.
Stop ansin, a Bhreandáin!
Stopaigí ansin, a pháistí!
Críochnaigh suas anois, a Aisling!
Críochnaigí anois más é bhur dtoil é, a pháistí!
Glan do bhord, a Bhriain!
Glanaigí bhur mboird anois más é bhur dtoil é, a pháistí!
Cuir an ríomhaire ar siúl, a Liam.
Cuirigí gach rud isteach, a chailíní.
Cuirigí na boird seo le chéile, a pháistí!
Fág an leabhar sin ar ais, a Thomáis.

Come in, Seán! Welcome!
Come in children! Welcome!
Give me your copybook, Máire.
Give me your copybooks now, children.
Show me your picture, Eoghan.
Show me your pictures, boys.
Take out your English book, Ciara.
Take out your copybooks, children.
Close your book, Nollaig.
Close your books, children.
Open your copybook, Liam.
Open your copybooks, girls.
Look at the picture, Eoghan.
Children! Look at the white board.
Listen, Máire!
Listen, to this, girls, please!
Say that in Gaeilge, Ciara.
Say this after me, children.
Sing that, Aisling!
Sing that, girls!
Do that now, Eoghan!
Do that now, children!
Try it, Liam!
Try it, boys!
Read it out, Niamh.
Read on silently, children.
Write that down, Pól.
Write that down, girls.
Finish your picture, Peadar.
Finish that tonight, children.
Draw a nice picture now, Tomás.
Draw a nice picture now, children.
Colour your picture now, Ciarán.
Colour your pictures now, boys.
Cut it out like this, Liam.
Cut it out like this, children.
Start now, Caoimhín.
Start now, children.
Continue on, Liam.
Continue on, girls.
Stop there, Breandán!
Stop there, children!
Finish up now, Aisling!
Finish up now please, children!
Clean your table, Brian!
Clean your tables now please, children!
Turn on the computer, Liam.
Put in everything, girls.
Put these tables together, children!
Leave back that book, Tomás.

A pháistí! Fágai gí bhur bpictiúir ar an tseilf seo.	Children! Leave your pictures on this shelf.
Fan nóiméad, a Phóil!	Wait a minute, Pól!
Fanaigí nóiméad, más é bhur dtoil é, a chailíní!	Wait a minute please, girls!
Bailigh na cóipleabhair, a Eoghain.	Collect the copybooks, Eoghan.
Bailígí na liathróidí, a pháistí.	Collect the balls, children.
Cruinnigh na leabhair, a Eoghain.	Collect the books, Eoghan.
Cruinnígí na leabhair, a pháistí!	Collect the books, children!
Gabh mo leithscéal, a Niamh!	Excuse me, Niamh!
Gabhaigí mo leithscéal, a pháistí!	Excuse me, children!
Lig dom dul isteach ansin, a Niamh.	Let me go in there, Niamh.
Ligigí dom dul isteach ansin, a pháistí.	Let me go in there, children.
An leatsa é seo, a Bhriain?	Is this yours, Brian?
An libhse é seo, a chailíní?	Is this yours, girls?
An le Caoimhín é seo?	Is this Caoimhín's?
Cé leis é seo?	Who owns this?
An ndearna tú dearmad air, a Mháire?	Did you forget it, Máire?
Ná déan dearmad ar do leabhar, a Chiara.	Don't forget your book, Ciara.
Ná déanaigí dearmad ar bhur bpinn luaidhe, a pháistí.	Don't forget your pencils, children.
Ar fhéach tú i do mhála scoile, a Mháire?	Did you look in your school bag, Máire?
Ar fhéach sibh i bhur málaí scoile, a pháistí?	Did you look in your school bags, children?
Ar sheiceáil tú do phócaí, a Niamh?	Did you check your pockets, Niamh?
Ar sheiceáil sibh bhur bpócaí, a pháistí?	Did you check your pockets, children?
An dtuigeann tú é sin, a Bhríd?	Do you understand that, Bríd?
An dtuigeann sibh é sin, a pháistí?	Do you understand that, children?
Cén freagra a fuair tú, a Phóil?	What answer did you get, Pól?
An bhfuair aon duine eile an freagra sin?	Did anybody else get that answer?
An bhfuil sé sin ceart nó mícheart?	Is that correct or incorrect?
Cé a fuair an freagra sin?	Who got that answer?
Cé a...?	Who...?
Céard a...?	What...?
Cá...?	Where...?
Cathain...?	When...?
Cén uair...?	When...?
Cén t-am...?	What time...?
Cén fáth...?	Why...?
Conas/Cén chaoi...?	How...?
Cén t-am é?	What time is it?
Cén sórt...?	What kind of...?

Ag Moladh na bPáistí agus ag Cur Comhairle orthu.

Maith thú, a Liam!	Well done, Liam!
Maith sibh, a bhuachaillí!	Well done, boys!
Maith an cailín!	Good girl!
Maith an buachaill!	Good boy!
Togha fir!	Well done, man!
Togha mná!	Well done, woman!
Obair mhaith!	Good work!
Obair an-mhaith!	Very good work!

Obair dheas!	Nice work!
Obair an-deas!	Very nice work!
Obair iontach!	Wonderful work!
Obair néata!	Neat work!
Iarracht mhaith!	A good effort!
Iarracht an-mhaith!	A very good effort!
An-iarracht!	A great effort!
Go maith!	Good!
An-mhaith!	Very good!
An-mhaith ar fad!	Very good altogether!
Sármhaith!	Excellent!
Ar fheabhas!	Excellent!
Go hiontach!	Wonderful!
Tharr barr!	Outstanding!
Go hálainn!	Beautiful!
Níl sé sin go maith!	That isn't good!
Níl sé sin maith go leor!	That isn't good enough!
Níl sé sin go ró-mhaith!	That isn't too good!
Níl sé sin sásúil!	That isn't satisfactory!
Tosaigh arís, a Liam.	Start again, Liam.
Ciúnas!	Silence!
Ciúnas, a Liam, más é do thoil é!	Silence, Liam, please!
Ciúnas más é bhur dtoil é, a pháistí!	Silence, please, children!
Bí ciúin, a Bhríd!	Be quiet, Bríd!
Bígí ciúin más é bhur dtoil é, a chailíní!	Be quiet please, girls!
Déan do chuid oibre, a Aisling!	Do your work, Aisling!
Déanaigí bhur gcuid oibre, a bhuachaillí!	Do your work, boys!
Ná déan é sin, a Phádraig!	Don't do that, Pádraig!
Ná déanaigí é sin, a bhuachaillí!	Don't do that boys!
Ná habair é sin le haon duine, a Bhreandáin.	Don't say that to anyone, Breandán.
Ná habraigí é sin, a pháistí!	Don't say that, children!
Cas timpeall, a Sheáin!	Turn around, Seán!
Brostaigh, a Niamh!	Hurry up, Niamh!
Brostaigí, a pháistí!	Hurry up, children!

Deireadh an Lae

Tóg síos d'obair bhaile, a Aisling.	Take down your homework, Aisling.
Tógaigí síos bhur n-obair bhaile, a pháistí.	Take down your homework, children.
Cuir isteach gach rud, a Liam.	Put in everything, Liam.
Cuirigí isteach gach rud, a pháistí!	Put everything in children!
Pacáil do mhála, a Bhríd.	Pack your bag, Bríd.
Pacálaigí bhur málaí, a chailíní.	Pack your bags, girls.
Dún do mhála scoile, a Sheáin.	Close your school bag, Seán.
Dúnaigí bhur málaí scoile, a bhuachaillí.	Close your school bags, boys.
Seasaigí, a pháistí!	Stand up, children!
Cuir suas do chathaoir, a Niamh!	Put up your chair, Niamh!
Cuirigí suas bhur gcathaoireacha, a pháistí!	Put up your chairs, children!
Cuir ort do chóta, a Liam!	Put on your coat, Liam!
Cuirigí oraibh bhur gcótaí, a pháistí!	Put on your coats, children!
Déanaigí líne, a pháistí!	Make a line, children!
Ar aghaidh leat, a Phóil!	On you go, Pól!
Ar aghaidh libh, a pháistí!	On you go, children!
Slán leat, a Áine!	Goodbye, Áine!
Slán libh, a pháistí!	Goodbye, children!

Slán tamall!

Slán go fóill!

Go dté tú slán, a Liam!

Go dté sibh slán, a pháistí!

Go dtuga Dia slán abhaile thú, a Eibhlín!

Go dtuga Dia slán abhaile sibh, a pháistí!

Go gcumhdaí Dia thú, a Eoghain!

Go gcumhdaí Dia sibh, a pháistí!

Feicfidh mé amárach thú, a Chiaráin!

Feicfidh mé amárach sibh, a pháistí!

Goodbye for now!

Goodbye for now!

That you may go safely, Liam!

That you may go safely, children!

That God may bring you home safely, Eibhlín!

That God may bring you home safely, children!

That God may protect you, Eoghan!

That God may protect you, children!

I will see you tomorrow, Ciarán!

I will see you tomorrow, children!

Bainisteoireacht Ranga: Cur Chuige an Mhúinteora sa Choláiste Gaeltachta

Ar dtús, is fiú na mic léinn féin a spreagadh na príomhócáidí i rith an lae nuair a bhíonn an múinteoir ag labhairt leis na páistí go neamhfhoirmiúil a aithint, mar shampla, am rolla, am lóin, sa chlós agus araile. Is fiú na mic léinn a spreagadh ansin na gnáthrudaí a bhíonn á rá ag an múinteoir ag na hamanna sin a aithint.

Chun cur ar chumas na mac léinn na rudaí sin a rá trí mheán na Gaeilge beidh gá uaireanta le hionchur teanga. Ba chóir béim a chur ar chruinneas, go háirithe maidir leis an Tuiseal Gairmeach agus an Modh Ordaitheach (uatha agus iolra, dearfach agus diúltach). Mar shampla:

An Tuiseal Gairmeach: A Sheáin! A Mhairéad! A Chiara! A pháistí! A chailíní! A bhuachaillí!

An Modh Ordaitheach:

Uatha: A Sheáin! Croch suas do chóta. A Bhríd! **Ná** déan é sin arís!

Iolra: A pháistí! Féacha**igí** suas anseo ar feadh nóiméid. A bhuachaillí agus a chailíní! **Ná bígí** garbh sa chlós.

Rólimirt:

Le grúpaí de thriúr, déan rólimirt ar fud an tseomra ranga. Bíodh duine amháin i ról an mhúinteora agus bíodh an bheirt eile i ról pháistí. I ngach suíomh, tá cuspóirí ar leith le comhlíonadh ag an múinteoir.

Suíomh: Sa líne sa chlós ar maidin.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá fearg ar an múinteoir. Tá na páistí go léir sa líne ach amháin beirt. Tá duine amháin de na páistí ag rith timpeall an chlóis agus tá an páiste eile déanach agus ag siúl go mall isteach sa chlós. Tá an múinteoir ag iarraidh gach duine a bheith sa líne, láithreach.



Suíomh: Sa líne sa chlós ar maidin.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá na páistí go léir sa líne. Tá an múinteoir ag iarraidh ar na páistí siúl isteach sa scoil i líne dhíreach ach fanacht amach as an lochán uisce atá ar an gcosán.

Suíomh: Ag doras na scoile ar maidin.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá na páistí i líne ag an doras ach tá an múinteoir ag iarraidh ar an bpáiste ag barr na líne seasamh siar, ionas go mbeidh an múinteoir in ann an doras a oscailt. Níl an múinteoir sásta mar tugann an múinteoir faoi deara freisin go bhfuil bróga roinnt de na páistí salach agus go bhfuil páiste amháin ag brú sa líne. Bíonn ar an múinteoir labhairt leis na páistí.

Suíomh: Tús an lae sa seomra ranga.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá an múinteoir agus na páistí díreach tar éis teacht isteach sa seomra ranga. Tá sé in am tosú. Tá deifir ar an múinteoir ach níl aon deifir ar na páistí. Tá cótaí agus éadaí eile ar an urlár, tá na cathaoireacha fós thuas ar na boird, tá na fuinneoga dúnta, tá an seomra dorcha. Iarrann an múinteoir ar na páistí na rudaí sin a chur i gceart.



Suíomh: An obair bhaile á ceartú.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá cóipleabhar obair bhaile páiste amháin ar an mbord os comhair an pháiste. Tá obair bhaile an pháiste seo go han-mhaith ar go leor bealaí. Molann an múinteoir an páiste.

Níl aon chóipleabhar obair bhaile ar an mbord os comhair páiste eile. Tá an múinteoir an-fhiosrach faoi seo agus ag iarraidh a fháil amach an bhfuil an obair bhaile déanta nó nach bhfuil. Faigheann an múinteoir amach nach bhfuil an obair bhaile déanta agus tugtar íde béil don pháiste sin.

Suíomh: Am rolla.




Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá Leabhar Rolla an mhúinteora san oifig. Iarrann múinteoir ar pháiste amháin dul síos go dtí an oifig chun Leabhar Rolla a fháil, é a thabhairt ar ais go dtí an seomra ranga agus é a fhágáil ar bhord an mhúinteora. Glaonn an múinteoir an rolla. Tá beirt pháistí os comhair an mhúinteora. Bhí duine amháin de na páistí sin as láthair an lá roimhe sin agus tá an múinteoir ag iarraidh a fháil amach cén fáth a raibh an páiste as láthair, an bhfuil nóta ag an bpáiste agus an bhfuil biseach ar an bpáiste. Fiafraíonn an múinteoir den pháiste eile cé mhéad duine atá as láthair.

Suíomh: Am éigin i rith an scoil-lae sa seomra ranga.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá na páistí ag scríobh ina gcóipleabhair. Tá páiste amháin os comhair an mhúinteora agus ní thuigeann an páiste céard atá le déanamh. Iarrann an múinteoir ar an bpáiste seo an peann luaidhe a chur síos, féachaint suas ar an gclár bán agus éisteacht leis an múinteoir. Ar deireadh, fiafraíonn an múinteoir den pháiste an dtuigeann sé/sí.

Suíomh: Am éigin i rith an scoil-lae sa seomra ranga.



Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá na páistí go léir ag péinteáil ach amháin beirt. Tá duine amháin den bheirt iompaithe timpeall agus ag caint os ard le páiste eile. Tá péint ag titim óna scuab ar an urlár agus tá uisce doirte ar an mbord. Tá páiste eile ag an doirteal, in ainm is a bheith ag glanadh suas ach tá an-chuid ama á chur amú ag an bpáiste seo. Tugann an múinteoir íde béil don bheirt acu.



Suíomh: Am lóin sa seomra ranga.




Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá an lóin á ithe ag na páistí. Níl an múinteoir go hiomlán sásta le beirt pháistí. Níl páiste amháin ag ithe a lóin ná ag ól a b(h)ainne tapa go leor. Tá a lán bruscair ar bhord an pháiste eile agus tá bainne doirte ar an mbord. Labhraíonn an múinteoir leis na páistí.



Suíomh: Am sosa sa chlós.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá na páistí ag súgradh agus ag rith timpeall ach feiceann an múinteoir beirt pháistí nach bhfuil á n-iompar féin i gceart. Tá páiste amháin ag tarraingt as páiste eile agus á bhualadh. Tá an páiste eile ag dreapadh ar na fuinneoga agus ag béiceadh. Glaonn an múinteoir ar an mbeirt pháistí, tugtar íde béil dóibh agus cuirtear comhairle orthu.



Suíomh: Deireadh an lae sa seomra ranga.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá sé in am dul abhaile. Tá na páistí go léir réidh le dul abhaile ach amháin beirt. Tá páiste amháin den bheirt ina s(h)uí, níl an chathaoir fós curtha suas aige/aici. Os comhair an pháiste seo, tá cóipleabhar oscailte agus peann luaidhe ar an mbord agus tá mála scoile an pháiste ina luí ar an urlár - oscailte agus rudaí ag titim as. Tá cead á lorg ag an bpáiste eile leabhar a thógáil as an leabharlann. Níl an múinteoir sásta leis na páistí seo in aon chor. Tá deifir ar an múinteoir agus labhraíonn sé leo.

Suíomh: Doras na scoile ag deireadh an scoil-laе.

Róil: Múinteoir agus beirt pháistí. **Cuspóirí:** Tá na páistí ag siúl amach i líne. Tá sé ag cur báistí. Tugann an múinteoir faoi deara nach bhfuil cóta ar pháiste amháin. Fiafraíonn an múinteoir den pháiste cén fáth nach bhfuil cóta air/uirthi agus ordaíonn an múinteoir don pháiste rud éigin a dhéanamh faoi.



Bainisteoireacht Ranga - Obair Bheirte:

Na mic léinn i mbeirteanna. Ó bhéal tugann mac léinn amháin na habairtí thíos i mBéarla don mhac léinn le haistriú go Gaeilge, ceann i ndiaidh a chéile. (Tá aistriúcháin Ghaeilge na n-abairtí tugtha anseo thíos freisin.)

Sampla a hAon

Aistrigh go Gaeilge:-

- (a) On you go children, and be careful! Avoid the ice on the footpath.
- (b) Who owns these gloves? Put them in the pocket of your coat, Eoghan.
- (c) Seán! Why weren't you at school yesterday? Do you have a note?
- (d) Take out your homework, children. Cormac! Show me your copybook.
- (e) Now children! You may eat your lunch. Go to the toilet then.

- (f) Did you fall, Neasa? Cormac! Stay with her and keep an eye on her.
 - (g) Eoghan! Don't be dragging out of anyone and do not leave a hand on anyone.
 - (h) Look up here, girls! Listen to this and say it after me.
 - (i) Continue on, children. Excuse me, Aisling. Let me go in there.
 - (j) The time is up, children! Put up your chairs and put on your coats.
-
- (a) Ar aghaidh libh, a pháistí, agus bígí cúramach! Seachnaígí an leac oighir ar an gcosán.
 - (b) Cé leis na lámhainní seo? Cuir i bpóca do chóta iad, a Eoghain.
 - (c) A Sheáin! Cén fáth nach raibh tú ar scoil inné? An bhfuil nóta agat?
 - (d) Tógaigí amach bhur n-obair bhaile, a pháistí. A Chormaic! Taispeáin dom do chóipleabhar.
 - (e) Anois, a pháistí! Is féidir libh bhur lón a ithe. Téigí go dtí an leithreas ansin.
 - (f) Ar thit tú, a Neasa? A Chormaic! Fan léi agus coinnigh súil uirthi.
 - (g) A Eoghain! Ná bí ag tarraingt as aon duine agus ná leag lámh ar aon duine.
 - (h) Féachaigí suas anseo, a chailíní! Éistigí leis seo agus abraigí é i mo dhiaidh.
 - (i) Leanaigí ar aghaidh, a pháistí. Gabh mo leithscéal, a Aisling. Lig dom dul isteach ansin.
 - (j) Tá an t-am istigh, a pháistí! Cuirigí suas bhur gcathaoireacha agus cuirigí oraibh bhur gcótaí.

Sampla a Dó

Aistrigh go Gaeilge:-

- (a) Stand back, Liam and let Eoghan into the line.
 - (b) Here are the keys for you, Ciaran. Undo the lock, open the door and keep a hold on it.
 - (c) Isn't it very dark this morning? Turn on the lights, John.
 - (d) Children! Hang up your coats on the rail.
 - (e) Why haven't you got your homework done, Mary?
 - (f) Eoghan. Go down to the front door, get the milk, come back and give a carton to each child.
 - (g) Did you forget your lunch, Fergal?
 - (h) Síle! Do not forget to wash your hands.
 - (i) Sit here for a minute, Paul. Don't be worried.
 - (j) Collect the copybooks, Brendan and leave them on the shelf.
-
- (a) Seas siar, a Liam agus lig d'Eoghan dul isteach sa líne.
 - (b) Seo duit na heochracha, a Chiaráin. Scaoil an glas, oscail an doras agus coinnigh greim air.

- (c) Nach bhfuil sé an-dorcha ar maidin? Las na soilse, a Sheáin.
- (d) A pháistí! Crochaigí suas bhur gcótaí ar an ráille.
- (e) Cén fáth nach bhfuil d'obair bhaile déanta agat, a Mháire?
- (f) A Eoghain! Téigh síos go dtí an doras tosaigh, faigh an bainne, tar ar ais agus tabhair cartán amháin do gach páiste.
- (g) An ndearna tú dearmad ar do lón, a Fheargail?
- (h) A Shíle! Ná déan dearmad do lámha a ní.
- (i) Suigh anseo ar feadh nóiméid, a Phóil. Ná bí buartha.
- (j) Bailigh na cóipleabhair, a Bhreandáin agus fág ar an tseif iad.

Sampla a Trí

Aistrigh go Gaeilge:-

- (a) Make a straight line, children. On you go now and stay out of the pool of water.
 - (b) Eoghan! Take off your coat, hang it up on the rail and put your schoolbag in under the table.
 - (c) Hurry up, children! Take down your chairs and sit down. It's time for us to start.
 - (d) What answer did you get, Peadar? Show me your copybook.
 - (e) You were sick yesterday, Pól. Are you better now? How many people are absent to-day?
 - (f) Eat up your lunch, Aisling and put all that rubbish in the rubbish bin.
 - (g) Wash your hands, Tomás. Fold up your sleeves first.
 - (h) Children! Stay away from each other and take it easy!
 - (i) Finish up now please, children, put in everything and clean the tables.
 - (j) I will see you tomorrow, children. That you may go safely!
-
- (a) Déanaigí líne dhíreach, a pháistí. Ar aghaidh libh anois agus fanaigí amach as an lochán uisce.
 - (b) A Eoghain! Bain díot do chóta, croch suas ar an ráille é agus cuir do mhála scoile isteach faoin mbord.
 - (c) Brostaigí, a pháistí! Tógaigí anuas bhur gcathaoireacha agus suigí síos. Tá sé in am dúinn tosú.
 - (d) Cén freagra a fuair tú, a Pheadair? Taispeáin dom do chóipleabhar.
 - (e) Bhí tú tinn inné, a Phóil. An bhfuil biseach ort anois? Cé mhéad duine atá as láthair inniu?
 - (f) Ith suas do lón, a Aisling agus cuir an bruscar sin go léir sa bhosca bruscair.
 - (g) Nigh do lámha, a Thomáis. Crap suas do mhuinchillí ar dtús.

- (h) A pháistí! Fanaigí amach óna chéile agus tógaigí go bog é!
- (i) Críochnaigí suas anois, a pháistí, cuirigí isteach gach rud agus glanaigí na boird.
- (j) Feicfidh mé sibh amárach, a pháistí. Go dté sibh slán!

Sampla a Ceathair

Aistrigh go Gaeilge:-

- (a) Stand back, Úna and allow me to open the door. Clean your shoes as well.
 - (b) Pádraig! Do not leave your schoolbag in the passageway. That's dangerous.
 - (c) Ciara! Go down to the office, get my Roll Book and leave it on my table.
 - (d) Children! You do not have permission to go to the yard to-day. It's raining and it's too wet.
 - (e) Children! Don't be fool acting like that! I'm watching you.
 - (f) That is bold, Ronan. Tell her you are sorry.
 - (g) Come in, children. Welcome! Show me your pictures.
 - (h) Is this yours, Eoghan? It's excellent. Well done!
 - (i) Did you forget your pencil, Niamh? Did you check your pockets?
 - (j) Close your schoolbags, boys, stand and put on your coats.
-
- (a) Seas siar, a Úna, agus lig dom an doras a oscailt. Glan do bhróga freisin.
 - (b) A Phadraig! Ná fág do mhála scoile sa phasáiste. Tá sé sin dainséarach.
 - (c) A Chiara! Téigh síos go dtí an oifig, faigh mo Leabhar Rolla agus fág ar mo bhord é.
 - (d) A pháistí! Níl cead agaibh dul go dtí an clós inniu. Tá sé ag cur báistí agus tá se ró-fhliuch.
 - (e) A pháistí! Ná bígí ag pleidhcíocht mar sin! Táim ag faire oraibh.
 - (f) Tá sé sin dána, a Rónáin. Abair léi go bhfuil brón ort.
 - (g) Tagaigí isteach, a pháistí! Fáilte romhaibh! Taispeánaigí dom bhur bpictiúir.
 - (h) An leatsa é seo, a Eoghain? Tá sé ar fheabhas. Maith thú!
 - (i) An ndearna tú dearmad ar do pheann luaidhe, a Niamh? Ar sheiceáil tú do phócaí?
 - (j) Dúnaigí bhur málaí scoile, a bhuachaillí, seasaigí agus cuirigí oraibh bhur gcótaí.

Téama: Gaeilge na Gaeltachta (Feic Siollabas)

Téama: An Ghaeilge ar Líne (Feic Siollabas)

Téama: An Ceantar Logainmneacha



Faoin téama seo díreofar ar:

- Logainmneacha
- An córas oideachais
- An córas taistil
- Cúrsaí teicneolaíochta
- Seirbhísí eile, m.sh. uisce, leictreachas
- Acmhainní nádúrtha
- Cúrsaí fostaíochta
- Saol Sóisialta na ndaoine
- Scríbhneoirí ón áit
- Laochra móra áitiúla
- Lá an Phátrúin
- An saol ag athrú

Cúrsaí Gramadaí

An Ghramadach i gcomhthéacs:

- ❖ Réamhfhocail (**ar an g**Ceathrú Rua)
- ❖ An Tuiseal Ainmneach (An **t**Aonach)
- ❖ An Aidiacht (An Charraig **D**hubh)
- ❖ An Tuiseal Ginideach (Cluain **M**eala)
- ❖ Lಾಗಿolraí/Tréaniolraí (Carraig na **bh**Fear)



- ❖ An Chopail (Is as...)
- ❖ Aimsirí na mbriathra
- ❖ Suíomh, Gluaiseacht agus Treo (siar ó dheas)
- ❖ Botúin Choitianta



Grianghraf: <http://www.gaeltachttravel.com>

Logainmneacha

- Fiosracht a spreagadh
- Iniúchadh ar logainmneacha áitiúla le tuiscint a fháil ar an gceantar
- A mbunús agus a gciall a fhiosrú
- Cad a insíonn logainm duit?



Brí/Galldú Logainmneacha

Leagan Gaeilge	Contae	Leagan Béarla
Abhainn Áile	Dún na nGall	Oily River
Baile an Bhóthair	Cill Chainnigh/Corcaigh/Baile Átha Cliath/Ciarráí	Balinoher
Poll an Phúca	An Clár/Cill Mhantáin/ Gaillimh	Poulaphuca
Port an Bhogaidh	An Dún	Portavogie
Ard na gCrochairí	Corgaigh	Ardnagrogbery
Coillte	An Clár	Quilty
Tuar an Chapail	Co. Mhaigh Eo	Tooracappul

Gníomhaíochtaí:

- Seisiúin na maidine
- Bíodh na seisiúin taitneamhach ach fiúntach
- Béim ar “úsáid” seachas ar “eolas”
- Fíorchumarsáid a chruthú (rólimirt, agallamh, comhrá, cur is cúiteamh, plé, láithriú foirmiúil)
- Ceistneoirí/Obair bheirte (Cad as duit féin?, Cá bhfuil tú ag fanacht? Cad iad na logainmneacha a thug tú faoi deara ó thosaigh an cúrsa/ar do bhealach anseo? An dtuigeann tú a mbrí? Cad iad na difríochtaí idir an ceantar seo agus do cheantar féin?)
- Logainmneacha san Fhilíocht:
*Anseo ag Stáisiún Chaiseal na gCorr le Cathal Ó Searcaigh (Caiseal na gCorr, Eargail, Mín ‘a Leá, Mín na Craobhe, Doire Chonaire, Prochlais),
Fill Arís le Seán Ó Ríordáin (Gleann na nGealt, Cath Chionn tSáile, Corca Dhuibhne, Dún Chaoin) m.sh.*
- Logainmneacha i nGearrscéalta/Úrscéalta: Gearrscéalta Uí Chonaire, *Rún an Bhonnáin* le Proinsias Mac a’ Bhaird m.sh.
- **Tascanna** bunaithe ar bheathaisnéisí na n-údar ar **www.ainm.ie**
Ó GRIANNA, Séamus (1889 – 1969),
Ó COISTEALBHA, Johnny Chóil Mhaidhc (1929-2006),
DE HINDEBERG, Risteard (1863-1916),
NÍ MHURCHÚ, Eibhlín (1916-2007)
- Díospóireachtaí bunaithe ar ábhair chonspóideacha (An Daingean nó Dingle?)
- Nótaí, ceisteanna, pointí gramadaí, tuairimí, féinmheastóireacht, aiseolas múnlaiteach, giotáí scríofa
- D’fhéadfaí Agallamh le duine áitiúil agus Cur i Láthair a bhunú ar logainmneacha nó ar nithe eile a bhaineann le An Ceantar (An Saol Sóisialta, Scríbhneoirí ón áit, Laochra móra áitiúla, Cúrsaí Fostaíochta, An Córas Oideachais, Turasóireacht sa Cheantar)
- Ábhar ar www.teagascnagaeilge.ie agus teg.ie (Leibhéal B2)



Gníomhaíochtaí ar <http://www.logainm.ie>

- Cluichí meaitseála don Iarbhunscóil

<http://www.logainm.ie/cluichi/a-tarraing-iarbunscoil.html>

- Acmhainní Oideachais don Tríú Leibhéal

<http://www.logainm.ie/scoil/?uiLang=ga>

- Sleachta próis


Míreanna éisteachta/cleachtaí foghraíochta

Fiontar (DCU), i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha (An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta), a chruthaigh na hacmhainní oideachais seo.

Comhtháthú le hÁbhair Eile

Stair

- Cad a insíonn logainm duit faoin tírdhreach/faoin gceantar? (Dún, Ráth, Lios, Carraig, Tobar, Cill)
- Daonáireamh 1901/1911 - <http://www.census.nationalarchives.ie>
- Tionchar na gCeilteach, na Lochlannach, Normannach ar an gceantar, más ann dó



Tíreolaíocht

- Ag aimsiú logainmneacha ar léarscáil áitiúil/ar líne
- Aibhneacha, cuanta, sliabhraonta, oileáin, sainchomharthaí an cheantair
- Brí thíreolaíoch na logainmneacha

Ceol

- Cur síos ar an gceantar san amhránaíocht agus sa cheol



Uimhearthacht

- Cén fad a thógfadh sé ort taisteal ó go.....
- Cad é an t-achar idir agus....

Foinsí ar líne

VIFAX (NUIM)

An Daingean – Baile Gaeltachta? <http://www.nuim.ie/language/vifax/vifax06-07/2006,10,16ard.pdf>

YOUTUBE.COM

Ar Thóir Logainmneacha, Clár Faisnéise TG4

<http://www.youtube.com/watch?v=BYCP46UvWwY>

Léarscáileanna GOOGLE (le logainmneacha trí Ghaeilge a chuardach)

<https://maps.google.ie/>

An Ceantar – Beo.ie

- An Brainse Logainmneacha

<http://www.beo.ie/alt-an-brainse-logainmneacha.aspx>

- Corca Dhuibhne le Bosco Ó Conchúir

<http://www.beo.ie/alt-corca-dhuibhne.aspx>

- An Rinn le hÓidí Ní Chéilleachair

<http://www.beo.ie/alt-an-rinn.aspx>

- An Cheathrú Rua le Rónán Mac an Iomaire

<http://www.beo.ie/alt-an-cheathru-rua.aspx>

- Rann na Feirste le Niall Mac Eachmharcaigh

<http://www.beo.ie/alt-rann-na-feirste.aspx>

- Gaoth Dobhair le Noel Ó Gallachóir

<http://www.beo.ie/alt-gaoth-dobhair.aspx>

Pearsana áitiúla – Beo.ie

- Liam Mac an Iomaire le hÉamonn Ó Dónaill

<http://www.beo.ie/alt-liam-mac-con-iomaire.aspx>

- Gearóidín Bhreathnach le hÉamonn Ó Dónaill

<http://www.beo.ie/alt-gearoidin-bhreathnach.aspx>

- Maidhc Dainín Ó Sé le Caitriona Budhlaeir

<http://www.beo.ie/alt-maidhc-dainin-o-se.aspx>

- Páidí Ó Sé le Colm Mac Séalaigh

<http://www.beo.ie/alt-paidi-o-se-ardanbhothair.aspx>

- Diarmaid de Faoite le hÉamonn Ó Dónaill

<http://www.beo.ie/alt-diarmuid-de-faoite.aspx>

- Ó Conaire, ar Troigh gan Tuairisc le Breandán Delap

<http://www.beo.ie/alt-o-conaire-ar-troigh-gan-tuairisc.aspx>

- Muireann Nic Amhlaoibh le hÉamonn Ó Dónaill

<http://www.beo.ie/alt-muireann-nic-amhlaoibh.aspx>

- Áine Ní Dhroighneáin: dílis don dúchas le hAntaine Ó Faracháin

<http://www.beo.ie/alt-aine-ni-dhroighneain-dilis-don-uchas.aspx>

Pearsana áitiúla - Seinteoir TG4

- Na hAmhránaithe
- Corn Uí Riada 2013
- Comhrá (Máirtín Tom Sheáinín)
- Mo Ghrá go Daingean
- Na Casaidigh
- Bliain in Inis Mór

Toradh

- Oscailt súl
- An téama mar mhodh le stór focal agus líofacht na mac léinn a shaibhriú
- Go mbainfear leas as an téama mar shárthaispeántas ar an gceantar
- Go bhfágfaidh mic léinn an Ghaeltacht le heolas cuimsitheach ar an gceantar
- Go gcuideoidh an t-eolas sin leo i réimsí eile (gramadach i gcomhthéacs, comhtháthú le hábhair eile)
- Go gcuirfidh na mic léinn na scileanna nua i bhfeidhm i ndiaidh na tréimhse foghlama.

Logainmneacha

DÚN, LIOS, RÁTH

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
Dún Mór	<i>Dunmore</i>	<i>the big fort</i> mór = <i>big</i>
Dún Beag	<i>Doonbeg</i>	<i>the little fort</i> beag = <i>little</i>
Dún an Óir	<i>Dún an Óir</i>	<i>the fort of gold</i> óir = <i>gold</i>
Dún Droma	<i>Dundrum</i>	<i>the fort of the hill</i> droim = <i>hill</i> , <i>drumlin</i>
Dún Phádraig	<i>Downpatrick</i>	<i>the fort of Patrick</i>
Dún Bóinne	<i>Dunboyne</i>	<i>the fort of the</i> <i>Boyne</i>
Dún Dealgan	<i>Dundalk</i>	<i>the fort of Dealga</i>
Lios Mór	<i>Lismore</i>	<i>the big fort</i>
Lios Túthail	<i>Listowel</i>	<i>the fort of Tuathal</i>
Lios Dúin Bhearna	<i>Lisdoonvarna</i>	<i>the fort of the fort</i> <i>of the gap</i> bearnna = <i>(a) gap</i>
Ráth Mór	<i>Rathmore</i>	<i>the big fort</i>
Ráth Chormaic	<i>Rathcormack</i>	<i>the fort of Cormac</i>
Ráth Garbh	<i>Rathgar</i>	<i>the rough fort</i>
Ráth Fearnáin	<i>Rathfarnham</i>	<i>the fort of the alder</i> fearnán = <i>alder</i>
Ráth Droma	<i>Rathdrum</i>	<i>the fort of the hill</i> droim = <i>hill</i> , <i>drumlin</i>



CNOC

Ainm Gaeilge

Ainm Béarla

Míniú

Cnoc Mór

Knockmore

the big hill
cnoc = (a) hill
mór = big

Cnoc Beag

Knockbeg

the little hill
beag = small

Cnoc Mhuire

Knock

the hill of Muire

Cnoc an Chrochaire

Knockcroghery

the hangman's hill
crochaire =
hangman

Cnoc Álainn

Knockallen

the lovely hill
álainn= lovely,
beautiful



CILL

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
Cill Dara	<i>Kildare</i>	<i>the church of the oak</i> <i>cill = church, cell</i> <i>dair = oak</i>
Cill Chainnigh	<i>Kilkenny</i>	<i>the church of St. Canice</i>
Cill Airne	<i>Killarney</i>	<i>the church of the sloe</i> <i>airne = sloe</i>
Cill Cais	<i>Kilcash</i>	<i>the church of Cas</i>
Cill Bhríde	<i>Kilbride</i>	<i>the church of Bridget</i>
Seanchill	<i>Shankill</i>	<i>the old church</i> <i>sean = old</i>
Bóthar na Seanchille	<i>The Shankill Road</i>	<i>the road of the old</i> <i>church</i> <i>bóthar = (a) road</i>
Cill Iníon Léinín	<i>Killiney</i>	<i>the church of the</i> <i>daughters of Léinín</i>
Cill na Manach	<i>Kilnamanagh</i>	<i>the church of the</i> <i>monks</i> <i>manach = monk</i>



ÁTH

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
Baile Átha Cliath	<i>Dublin</i>	<i>the town of the ford of the hurdles áth = ford, crossing point on a river cliath = hurdle</i>
Baile Átha Luain	<i>Athlone</i>	<i>the town of the ford of Luan</i>
Droichead Átha	<i>Drogheda</i>	<i>the bridge ford droichead = bridge</i>
Áth Fherdia	<i>Ardee</i>	<i>the ford of Ferdia</i>
Béal an Átha	<i>Ballina</i>	<i>the mouth, estuary of the ford</i>
Áth Í	<i>Athy</i>	<i>the ford of Í</i>



CARRAIG

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
An Charraig Dhubh	<i>Blackrock</i>	<i>the black rock</i> carrraig = (a) rock dubh = black
Carraig na Siúire	<i>Carrick-on- Suir</i>	<i>the rock in the river Suir</i>
Carraig Mhór	<i>Carrickmore</i>	<i>big rock</i>
Carraig an tSionnaigh	<i>Foxrock</i>	<i>the rock of the fox</i> sionnach = (a) fox
Carraig Airt	<i>Carrigart</i>	<i>the rock of Art</i>
Carraig Fhearghasa	<i>Carrickfergus</i>	<i>the rock of Fergus</i>
Carraig Mhachaire Rois	<i>Carrickmacross</i>	<i>the rock of the plane of the grove</i> machaire = (a) plain ros = (a) grove/wood
Carraig Álainn	<i>Carraickallen</i>	<i>the lovely rock</i> álainn= lovely/beautiful
Carraig na bhFear	<i>Carrignavar</i>	<i>the rock of the men</i> fear = (a) man
Carraig Aonair	<i>The Fastnet</i>	<i>the rock on its own</i> aonar = solitary, single



CLUAIN

Ainm Gaeilge	Ainm Béarla	Míniú
Cluain Tarbh	<i>Clontarf</i>	<i>the meadow of the bulls</i> cluain = (a) meadow tarbh = (a) bull
Cluain Mic Nois	<i>Clonmacnoise</i>	<i>the meadow of the sons of Noas</i> mac = son
Cluain Meala	<i>Clonmel</i>	<i>the meadow of honey</i> mil = honey
Cluain Ard	<i>Clonard</i>	<i>the high meadow</i>
Cluain Saileach	<i>Clonsilla</i>	<i>the meadow of the sallies, willows</i>
Cluain Sceach	<i>Clonskeagh</i>	<i>the meadow of the thornbushes</i> sceach = (a) thornbush



Giotaí Próis ó na Réigiúin

Cúige Uladh

Sliocht as Caisleáin Óir le Séamus Ó Grianna

Ó Grianna, Séamus, Caisleáin Óir, The Mercier Press, 1976, 152-154

‘Good evenin’, sor,’ arsa Babaí.

‘Good evening,’ ar seisean...

Sa deireadh labhair sé i nGaeilge. Chuir sin iontas ar Bhabaí.

‘Caithfidh sé,’ ar seisean, ‘go bhfuil mé sa teach chontráilte.’...

‘Shíl mé,’ ar seisean, ‘gur Babaí, mar a bheirtí uirthi, a bhí san áit.’

‘Maise, is í,’ ar sise.

‘An é nach bhfuil sí fá bhaile ar na laetha seo?’ ar seisean...

‘Tá sí ag caint leat.’

Thug an fear a bhí ar an stól é féin thart go gasta. D’éirigh sé ina sheasamh agus stán sé go huafásach ar an mhnaoi. Ba í a bhí ann gan bhréig. Bhí an loinnir fágtha ina súile agus na poill fágtha sna pluca. Ach ba é sin a raibh fágtha. Bhí an óige agus bláth na hóige ar shiúl. Bhí a gruag geal-liath, agus a haghaidh críon casta, agus a lámha garbh gágach ag an obair.

‘Agus an tusa Babaí?’ ar seisean.

‘Is mé,’ ar sise.

‘Ní aithneoinn choíche thú,’ ar seisean.

D’amharc sí air.

‘An é nach n-aithníonn tusa mise, ‘Bhabaí?’ ar seisean.

‘Ní aithním.’

‘A Bhabaí, i ndiaidh gach lá dár chaitheamar i gcuideachta a chéile fá na cladaigh seo thíos!
An cuimhin leat cláraí na ruacan agus na caisleáin óir?’

‘An tú Séimí?’

‘Is mé.’

‘Maise, más tú ní tú,’ ar sise, agus d’fhág sí uaithi an Ionaidh agus tháinig aníos agus shín a lámh chuige. Shuigh sí ar shúgán ar an taobh eile den tine agus thoisigh an bheirt ag iarraidh a bheith ag comhrá.

Cúige Chonnacht

Sliocht as “Íosagán” le Pádraig Mac Piarais

Ó Háinle, Cathal (eag.), Gearrscéalta an Phiarsaigh, Helicon Teoranta, 1979, lch 43.

Bhí seanMhaitias ina shuí le hais a dhorais. An té a ghabhfadh an bóthar, shílfeadh sé gur dealbh chloiche nó mharmair a bhí ann – sin nó duine marbh – mar ní chreidfeadh sé go bhféadfadh fear beo fanacht chomh ciúin, chomh socair sin. Bhí a cheann cromtha aige agus cluas air ag éisteacht. Is iomaí sin fuaim cheolmhar a bhí le cloisteáil, an té a mbeadh aird aige orthu. Chuala seanMhaitias olagón na dtonn ar na carraigeacha agus monabhar an tsruthláin ag sileadh leis an gcloch. Chuala sé scréach na coirre éisc ón duirling, agus géimneach na mbó ón mbuaile, agus gealgháire na bpáistí ón bhfaiche. Ach ní le ceachtar acu seo a bhí sé ag éisteacht chomh haireach sin – cé go mba bhinn leis iad go léir – ach le glór glé glinn chlog an Aifrinn a bhí ag teacht chuige le gaoth i gciúnadas na maidine.

Cúige Mumhan

Sliocht as An Gleann agus a Raibh Ann le Séamus Ó Maolchathaigh.

Ó Maolchathaigh, Séamus, An Gleann agus a Raibh Ann, An Clóchomhar Tta, 1974 lgh. 25, 26

Bás mo Sheanathar

Bhí mo sheanathair tugtha don leaba ar feadh roinnt laethanta roimh Nollaig. Níor chuimhin liom é a bheith tinn riamh roimhe sin. Tháinig an sagart chuige, agus is cuimhin liom muintir an tí agus beirt nó triúr de na comharsana a bheith suas timpeall air ar feadh a dó nó a trí d’óicheanta; chuirí mise a chodladh. An oíche seo dhúisigh mé i mo leaba thuas sa lochta. D’airigh mé mar a bheadh geoin cainte thíos fúm. Chuir mé cluas orm féin. Ag paidreoireacht a bhí siad, agus b’ionadh liom é. Bhí doras an tseomra leathoscailte agus bhí solas aníos an staighre ón gcistin. D’éirigh mé agus síos liom i mo léine. Ní raibh aon duine sa chistin agus d’éalaigh mé liom go doras an tseomra mar a raibh mo sheanathair. Bhí mo mháthair ag léamh os ard as an leabhar urnaithe a bhíodh ag m’aintín ag an Aifreann, agus bhí m’aintín agus coinneal lasta aici á coimeád i ndorn mo sheanathar. Bhí Mairéad, bean an tsiúinéara, ag croitheadh uisce coisricthe as buidéal ar fud an tseomra, agus bhí sean-Risteard agus Liam Beilbí ar a nglúine ag cosa na leapa, agus bhí siad go léir ag freagairt na Liodán a bhí mo mháthair a léamh. Bhí m’aintín á bhfreagairt i mBéarla agus an triúr eile i nGaeilge. Níor thug aon duine acu mise faoi deara. Chuir mo mháthair deireadh leis na paidreacha agus sheas Risteard agus Liam Beilbí suas. Chuir m’aintín an choinneal sa choinneoir a bhí ar an mboirdín in aice na leapa. Ni raibh cor as mo sheanathair sa leaba. “Tá sé imithe,” arsa Liam Beilbí.

Téama: An Ghné Chruthaitheach

Acrastaicí agus Dánta Aibítire

Is cineál dáin í Acrastaic. Roghnaítear focal agus scríobhtar dán a bhfuil an líon céanna línte ann agus atá litreacha san fhocal, agus in ord, tosaíonn gach líne le litir ón bhfocal. Is féidir iarraidh ar na mic léinn Acrastaicí a scríobh bunaithe ar ainm na Gaeltachta ina bhfuil siad, ar ainm an Choláiste Ghaeltachta nó ar ainm na háite ina bhfuil an Coláiste Gaeltachta. Ar an mbealach céanna is féidir focal ar bith a roghnú. Caithfidh an dán a bheith faoi ábhar an teidil. Seo roinnt samplaí d'Acrastaicí:

Ciarraí

Corca Dhuibhne,
Iarthar Chiarraí.
An Blascaod Mór -
Róna ar an trá. Seo an
Ríocht.
An Fear Marbh ina luí.
Íseal an ghrian thiar.

Conamara

Curach dhubh le hais na céibhe,
Oileáin Árann ag bun na spéire,
Na Beanna Beola mar chúlbhrat maorga,
An portach rua ag bun an tsléibhe.
Móin ann fós ag binn an tí,
An fharraige romham a thugadh gach aon ní,
Raidió na Gaeltachta is SBB,
An Ghaeilge beo i measc na ndaoine.

An Rinn

Anseo atáim ag foghlaim Gaelainne,
Neamh ar talamh.

Rí atá ionam ag an mbord sa teach,
Iasc ón bhfarraige chun mé a shásamh.
Na radhairc is deise i gCúige Mumhan,
Na daoine deasa a chuireann fáilte
romham.

Maigh Eo

Maighdean mhara
A chonaic mé agus mé i Maigh Eo.
Iasc a shíl mé a bhí ann ar dtús,
Gruaig fhada órga, í chomh
hálainn.

Eagla níor bhuail mé. Mheall sí mé.
Ochón! Ochón! D'imigh sí uaim.



Dún na nGall

Doiligh a bhí sé teacht anseo.
Úr an t-aer, cé go bhfuil
Nimh sa ghaoth ó Thoraigh agus

Neart sa ghaoth ó Árainn Mhór.
An Earagail ar na cártaí poist.

Na Cealla Beaga 's na báid go léir.
Gaoth Dobhair, an baile mór?
An Ghaeilge ar dóigh á
Labhairt ag na daoine.
Linne í.

Aimsir

An bháisteach ag titim agus uisce

I
Mo Bhróga.

Seans go mbeidh sé tirim amárach.

Is maith an scéalaí an aimsir.

Rithfidh mé.



Do ghníomhaíochtaí chun Acrastaicí agus Dánta Abítire a scríobh, feic lch 87.

Tasc 1: Agallamh agus Cur i Láthair

Aidhmeanna:

agallamh a chur ar chainteoir dúchais
cur i láthair a dhéanamh os comhair ranga
obair i mbeirteanna.

Seachtain 1: An tAgallamh

- topaic a bhaineann le saol an cheantair a roghnú
- agallamh a ullmhú agus a chur ar chainteoir dúchais ón gceantar (bean a' tí agus/nó fear a' tí nó duine lasmuigh den teach).

Seachtain 2: An Cur i Láthair

- cur i láthair a ullmhú, a chleachtadh agus a dhéanamh.

An Cur i Láthair féin:

- An chéad duine: dhá nóiméad, an topaic, an duine / do na daoine a chuir siad faoi agallamh, an méid a d'fhoghlaim siad
- An dara duine: dhá nóiméad, ag leanúint ar aghaidh agus achoimre
- Fóram oscailte
- an t-agallamh agus an leagan scríofa den chur i láthair san Fhillteán Foghlama.

Samplaí:

- Topaic: An Pobal Féin. Gné: Cúrsaí fostaíochta
Cé na slite maireachtála atá ag na daoine anseo?
An ndéantar mórán feirmeoireachta?
Céard faoi chúrsaí iascaireachta?
An bhfuil aon tionscal eile san áit?
An bhfuil mórán imirce ann?
- Topaic: An Saol Sóisialta. Gné: Spórt
Cén cineál seirbhísí spóirt atá ar fáil sa cheantar?
Cé air a bhfuil na seirbhísí spóirt sin dírithe?
Cén sórt áiseanna spóirt atá sa cheantar?

Céard as ar tháinig /a dtagann an maoiniú do chúrsaí spóirt?

Cén chaoi a n-éiríonn le foirne agus le daoine aonair i gcomórtais?

An bhfuil aon laochra spóirt sa cheantar?

An imrítear aon chineál spóirt sa cheantar nach n-imrítear in áit eile sa tír?

Tasc 2: Múineadh na Gaeilge

Áiseanna agus Acmhainn Nua

Mar shampla, Gníomhamhráin agus Gníomhranta



Slata tomhais chun Gníomhamhráin agus Gníomhranta do pháistí sna Ranganna Sóisearacha a mheas:

- Cén cineál scoile (scoil Lán-Ghaeilge, scoil Ghaeltachta nó scoil ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga) a bhfuil an gníomhamhrán / gníomhrann seo oiriúnach dó agus cén rang?
- An féidir an gníomhamhrán / gníomhrann a cheangal le haon cheann de na Téamaí ó Churaclam na Gaeilge?
- An bhfuil ábhar an ghníomhamhráin / an ghníomhrainn taitneamhach agus oiriúnach don rang atá i gceist?
- An bhfuil leibhéal deacrachta na teanga oiriúnach don rang atá i gceist?
- An féidir geáitsí oiriúnacha a chur leis an ngníomhamhrán / ngníomhrann go héasca ionas gur féidir leis na páistí aithris a dhéanamh ar na geáitsí sin agus gníomhartha a dhéanamh?
- An bhfuil an gníomhamhrán / gníomhrann éasca le foghlaim, dar leat? An bhfuil athrá ann? An bhfuil aon rím sa gníomhamhrán / gníomhrann idir deireadh líne amháin agus deireadh líne eile?
- An bhfuil an gníomhamhrán / gníomhrann in aon chanúint ar leith? An bhfuil an gníomhamhrán / gníomhrann oiriúnach do gach scoil sa tír cibé áit a bhfuil sí?
- An bhfuil an gníomhamhrán / gníomhrann ar dhlúthdhiosca? Cé atá ag canadh an ghníomhamhráin / ag aithris an ghníomhrainn ar an dlúthdhiosca? An bhfuil an gníomhamhrán / gníomhrann soiléir? An bhfuil fonn tarraingteach ag dul leis an ngníomhamhrán? An bhfuil rithim láidir ann? An bhfuil ceol ag dul leis an ngníomhamhrán? An bhfuil an ceol sin tarraingteach?
- An bhfuil an gníomhamhrán / an gníomhrann i leabhar? An bhfuil léaráid(í) ar leith ag dul leis an gníomhamhrán / ngníomhrann? An bhfuil an léaráid / na léaráidí sin tarraingteach agus spreagúil?

Treoirlínte chun Gníomhamhrán / Gníomhrann a mhúineadh: (I do threoirlínte, cuir isteach samplaí de Ghaeilge an mhúinteora agus de Ghaeilge na bpáistí)
Ainm an Ghníomhamhráin / an Ghníomhrainn:
An cineál scoile atá i gceist:
Rang:
Téama as Curaclam na Gaeilge:
Topaic:
Cuspóirí (Céard a bheidh tú ag iarraidh a chur ar chumas an pháiste?): <ol style="list-style-type: none"> 1. Éisteacht leis an ngníomhamhrán / ngníomhrann agus é a thuiscint. 2. An gníomhamhrán a chanadh / gníomhrann a aithris agus gníomhartha oiriúnacha a dhéanamh. 3. Taitneamh a bhaint as an ngníomhamhrán / ngníomhrann.
Áiseanna: Mar shampla - Dlúthdhiosca / Leabhar / Póstaer / Cairt / Fíorearraí
<p>Céim 1: Díreoidh mé aird na bpáistí orm / ar an bpóstaer agus iarraidh mé orthu éisteacht liom agus féachaint orm. <i>“Anois, a pháistí! Féachaigí suas anseo agus éistigí!”</i></p> <p>Céim 2: Tosóidh mé ag canadh an ghníomhamhráin / ag aithris an ghníomhrainn / Cuirfidh mé an dlúthdhiosca ar siúl agus déanfaidh mé gníomhartha oiriúnacha.</p> <p>Céim 3: Canfaidh mé / Déanfaidh mé an gníomhrann a aithris arís / Cuirfidh mé an dlúthdhiosca ar siúl arís, déanfaidh mé na gníomhartha céanna agus spreagfaidh mé na páistí na rudaí céanna a dhéanamh in éineacht liom. Molfaidh mé iarracht na bpáistí.</p> <p>Céim 4: Tógfaidh mé an gníomhamhrán / gníomhrann líne ar líne, díreoidh mé aird na bpáistí ar an gcanadh / aithris / na gníomhartha agus iarraidh mé ar na páistí na rudaí céanna a dhéanamh.</p> <p>Céim 5: Déanfaidh mé féin agus na páistí an gníomhamhrán go léir a chanadh / an gníomhrann go léir a aithris le chéile leis na gníomhartha.</p> <p>Céim 6: Tiocfaimid ar ais chuig an ngníomhamhrán / ngníomhrann arís agus arís eile.</p>

Mar shampla, Scéalta do pháistí sna Ranganna Sóisearacha

Slata Tomhais chun Scéalta do pháistí sna Ranganna Sóisearacha a mheas:

- Cén cineál scoile (scoil Lán-Ghaeilge, scoil Ghaeltachta nó scoil ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga) a bhfuil an scéal seo oiriúnach di agus cén rang?
- An féidir an scéal a cheangal le haon cheann de na Téamaí ó Churaclam na Gaeilge?



- An bhfuil ábhar an scéil taitneamhach agus oiriúnach don rang atá i gceist?
- An bhfuil leibhéal deacrachta na teanga oiriúnach don rang atá i gceist?
- An bhfuil an scéal i leabhar? An bhfuil léaráid(i) ar leith ag dul leis an scéal? An bhfuil an léaráid / na léaráidí sin tarraingteach agus spreagúil? An bhfuil an cló sách mór?
- An féidir geáitsí oiriúnacha a chur le codanna áirithe den scéal go héasca?
- An bhfuil aon insint díreach sa scéal a chuirfeadh ar chumas an mhúinteora iarraidh ar na páistí ról na gcarachtar sa scéal a thógáil?
- An bhfuil athrá sa scéal a chabhródh leis an múinteoir a bheith ag súil go mbeadh na páistí in ann codanna den scéal a insint leis an múinteoir?
- An bhfuil an scéal ar dhlúthdhiosca? Cé atá ag insint an scéil ar an dlúthdhiosca? An bhfuil an dlúthdhiosca soiléir? An bhfuil an scéal ar an dlúthdhiosca in aon chanúint ar leith? An bhfuil an leagan den scéal atá ar an dlúthdhiosca oiriúnach do gach scoil sa tír cibé áit a bhfuil sí? An bhfuil ceol ag dul le codanna den scéal? An bhfuil an ceol sin tarraingteach?

Treoiríníte chun Scéal a mhúineadh do pháistí sna Ranganna Sóisearacha: (I do threoiríníte, cuir isteach samplaí de Ghaeilge an mhúinteora agus de Ghaeilge na bpáistí)
Ainm an Scéil:
An cineál scoile atá i gceist:
Rang:
Téama as Curaclam na Gaeilge:
Topaic:
Cuspóirí (Céard a bheidh tú ag iarraidh a chur ar chumas an pháiste?): <ol style="list-style-type: none"> 1. Clúdach an leabhair agus teideal an scéil a phlé. 2. Éisteacht leis an scéal agus é a thuiscint. 3. Ceisteanna a fhreagairt ar an scéal, an scéal a phlé agus plé a dhéanamh ar na léaráidí atá ag dul leis. 4. A thuar céard é an chéad rud eile a tharlóidh sa scéal. 5. Codanna den scéal a aithris leis an múinteoir agus gníomhartha oiriúnacha a dhéanamh.
Áiseanna: Leabhar / Dlúthdhiosca / Fíorearraí
Céim 1: Díreoidh mé aird na bpáistí ar theideal an scéil. <i>“Cén teideal nó cén t-ainm atá ar an scéal / an leabhar?” “Seo an clúdach! Céard atá sa phictiúr ar an gclúdach?” “Taispeáin dom an _____ / Cuir do mhéar ar an _____.” “Cén dath atá ar an _____?”</i>

Céim 2: Osclóidh mé an leabhar. Tosóidh mé ag insint an scéil ag díriú aird na bpáistí ar na léaráidí agus ar an téacs. Pléifimid ar feadh tamaillín an scéal go dtí seo agus na léaráidí atá ag dul leis.

Céim 3: Leanfaidh mé ar aghaidh ar an mbealach céanna. Míneoidh mé focail / frásaí ar an mbealach seo a leanas: fíorearraí a úsáid / aird na bpáistí a dhíriú ar an rud sa léaráid / pictiúr den rud a tharraingt ar an gclár bán / geáitsí a úsáid / focal eile a úsáid / scéilín a insint.

Céim 4: Leanfaidh mé ar aghaidh ar an mbealach céanna, ag insint, ag plé, ag míniú, ag spreagadh na bpáistí gníomhartha oiriúnacha a dhéanamh, ag spreagadh na bpáistí codanna den scéal (ina bhfuil athrá) a insint leis an múinteoir agus ag spreagadh na bpáistí a thuar céard é an chéad rud eile a tharlóidh. *“Agus céard a tharla ansin, meas tú?”*

Céim 5: Ag an deireadh, fiafróidh mé de na páistí, *“An maith leat an scéal sin?”* *“Ar thaitin an scéal sin leat?”*

Céim 6: Déanfaidh mé leathnú ar ábhar an scéil.

Céim 7: Iarrfaidh mé ar na páistí pictiúr a tharraingt agus iad ag leanúint treoracha ón múinteoir. *“Tarraing pictiúr de ... Cuir _____ ar an _____”* agus araile. Pléifimid pictiúir na bpáistí agus molfaidh mé a n-iarrachtaí.

Céim 8: Tiocfaimid mé ar ais chuig an scéal / leabhar céanna laethanta eile.

An Dara Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Téama: Mé Féin mar Fhoghlaimeoir

An Múinteoir sa Scoil

Rólimirt Struchtúrtha

Oifig an Phríomhoide

OIFIG
AN
PHRÍOMHOIDE

Suíomh: Oifig an Phríomhoide tar éis na scoile.

Róil: Múinteoir agus Príomhoide.

Cuspóirí: Tá an múinteoir ag cur in iúl don Phríomhoide an rang ab fhearr leis/léi don bhliain dár gcionn agus cúis á tabhairt aige/aici. An Príomhoide ag míniú cén rang ab fhearr leis/léi a thabhairt don mhúinteoir agus cúis á tabhairt aige/aici. Ní dhéantar aon chinneadh an lá sin.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus mínigh agus pléigh é.

Téacs:

Múinteoir: Gabh mo leithscéal, a Nóra! An féidir liom labhairt leat faoi rud éigin?

Príomhoide: An bhfuil deifir ort anois? Tá coinne agam le Cathaoirleach an Bhoird ar a ceathrú tar éis a trí.

Múinteoir: Ní thógfaidh sé seo ach cúpla nóiméad. Teastaíonn uaim labhairt leat faoin rang a bheidh agam an bhliain seo chugainn.

Príomhoide: Níl aon chinneadh déanta agam air sin go fóill. Cén rang ab fhearr leat?

Múinteoir: B'fhearr liom Rang a Trí nó Rang a Ceathair a mhúineadh an bhliain seo chugainn.

Príomhoide: Bhí mé féin ag smaoineamh ar na Naíonáin Shóisearacha a thabhairt duit arís.

Múinteoir: Bhí Naíonáin Shóisearacha agam i mbliana.

Príomhoide: Bhí agus d'éirigh thar cionn leat.

Múinteoir: Go raibh maith agat, a Nóra, ach ba bhreá liom athrú.

Príomhoide: Déanfaidh mé machnamh air agus tiocfaidh mé ar ais chugat.

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“Teastaíonn uaim...” Céard a theastaíonn uait a dhéanamh um thráthnóna? Teastaíonn uaim... Agus, céard faoi Niall? Teastaíonn uaidh... Agus Síle? Teastaíonn uaithi... agus araile.

Céard a dhéanfaidh tú an bhliain seo chugainn? Céard a bheidh á dhéanamh agat “taca an ama seo” an bhliain seo chugainn? Cá mbeidh tú i gceann deich mbliana?

Cén rang ab fhearr leat a fháil ar an gcéad socrúchán scoile eile? B’fhearr liom....

Ar mhaith? Ba mhaith/Níor mhaith... (An Modh Coinníollach) Cé acu ab fhearr leat a fháil, rang sinsearach nó rang sóisearach? B’fhearr liom...

“ag smaoineamh...” bóithrín na smaointe.... cuimhní cinn

“D’éirigh thar cionn leat...” D’éirigh le Tomás = *Tomás succeeded* ... liom/leat/leis/léi agus araile.

Theip ar Thomás = *Tomás failed* ... orm/ort/air/uirthi agus araile.

Céim 6: Iarr ar na mic léinn na róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin rólimirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a úsáid sa scoil.

Clós na Scoile



Suíomh: Clós na Scoile ag am lóin.

Róil: Múinteoir agus Príomhoide.

Cuspóirí: An Príomhoide ag cur ceisteanna ar an múinteoir faoin turas scoile a bheidh ag an múinteoir. An múinteoir ag freagairt na gceisteanna. An Príomhoide ag cur i gcuimhne don mhúinteoir go bhfuil socrúithe don turas scoile le déanamh fós.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus mínigh agus pléigh é.

Téacs:

Príomhoide: Gabh mo leithscéal, a Phóil! Tá a fhios agam go bhfuil tú gnóthach ach an féidir liom labhairt leat faoi do thuras scoile?

Múinteoir: Is féidir, cinnte! Siúlfaimid timpeall ag an am céanna.

Príomhoide: An bhfuil a fhios agat fós an áit a mbeidh tú ag dul le do rang?

Múinteoir: Tá. D'fhéach mé ar na bróisiúir sin go léir a thug tú dom agus phléigh mé é leis an rang.

Príomhoide: Cá mbeidh sibh ag dul?

Múinteoir: Go dtí Páirc Tayto.

Príomhoide: An bhfuil sé curtha in áirithe agat fós?

Múinteoir: Tá. Ghlaigh mé orthu tráthnóna inné tar éis na scoile agus tá siad in ann sinn a thógáil ar an séú lá déag de Bhealtaine. Tríocha euro a chosnóidh sé do gach páiste.

Príomhoide: Ná déan dearmad go bhfuil bus le fáil agat freisin... agus nóta le hullmhú do na tuismitheoirí.

Múinteoir: Táim chun an bus a chur in áirithe inniu tar éis na scoile. Déanfaidh mé an nóta amach an tseachtain seo chugainn.

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“Siúlfaimid timpeall”... Céard a dhéanfaidh sibhse tar éis na ranganna inniu? Céard a dhéanfaidh sibh ina dhiaidh sin?

“an áit a mbeidh” (an fhoirm spleách)... an áit a bhfuil an Ghaeilge is fearr... an áit a raibh mé ar saoire an bhliain seo caite... an áit a bhfaca mé é sin den chéad uair... an áit ar chuala mé an scéal sin

“An bhfuil sé curtha in áirithe agat fós?” = *Have you booked it yet?*

Rud éigin a chur san áireamh = *to take something into account*

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin rólí a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a úsáid i gClós na Scoile.

Seomra na Múinteoirí

Suíomh: Seomra na Múinteoirí ag am lóin.

Róil: Múinteoir agus Príomhoide.

Cuspóirí: An Príomhoide ag cur ceisteanna ar an múinteoir faoin gcluiche a bhuaigh foireann na scoile an tráthnóna roimhe sin, ag déanamh comhghairdis leis an múinteoir agus ag fiosrú faoin gcéad chluiche eile a bheidh ag an bhfoireann. An múinteoir ag freagairt ceisteanna an Phríomhoide.



Céim 1: Míneigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus míneigh agus pléigh é.

Téacs:

Príomhoide: Dia duit, a Mháire! Ní fhaca mé thú ar maidin. Conas a d'éirigh linn sa chluiche peile tráthnóna inné?

Múinteoir: Bhuamar. Bhí seacht gcúilín idir na foirne ag an deireadh. Táimid sa chluiche leathcheannais anois.

Príomhoide: Comhghairdeas! Bua éasca go leor a bhí ann, mar sin?

Múinteoir: Bhuel! Creid é nó ná creid é, bhíomar cúig chúilín chun deiridh ag leath ama. Ach bhíomar ag imirt in aghaidh na gaoithe sa chéad leath.

Príomhoide: Cé a d'imir go maith?

Múinteoir: Bhí an-chluiche ar fad ag Séamus de Róiste i lár na páirce agus shábháil Ciarán Ó Néill cic pionóis.

Príomhoide: Cathain a bheidh an cluiche leathcheannais?

Múinteoir: Dé Máirt seo chugainn.

Príomhoide: Go n-éirí libh!

Múinteoir: Go raibh maith agat.

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“Ní fhaca mé thú...” “thú” = an Tuiseal Cuspóireach de “tú”... Feicfidh mé thú amárach...

Maróidh mé thú... Chonaic mé thú ar an teilifís... Chuala mé thú ar an raidió.

“Go n-éirí libh!” ... Éiríonn le duine = *a person succeeds*... liom/leat/leis/léi agus araile. D'éirigh go maith liom sa scrúdú.

Cúilín amháin, dhá chúilín, trí chúilín, ceithre chúilín, cúig chúilín, sé chúilín, seacht gcúilín, ocht gcúilín, naoi gcúilín, deich gcúilín.

An Tuiseal Ginideach tar éis “chun”: deireadh... chun deiridh; tosach... chun tosaigh.

Cic pionóis = cic éirice = *penalty*; cic saor; cic amach; cic sleasa = *sideline kick*; poc pionóis agus araile.

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin rólimirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a labhairt i Seomra na Múinteoirí.

Ag Doras Oifig an Phríomhoide



Suíomh: Ag doras Oifig an Phríomhoide roimh thús an scoil-lae.

Róil: Múinteoir agus Príomhoide.

Cuspóirí: An múinteoir ag iarraidh coinne a dhéanamh leis an bPríomhoide i.e. bualadh leis an bPríomhoide, lá éigin, am éigin. Ní oireann gach lá don mhúinteoir. Ar deireadh, déantar an choinne.

Céim 1: Mínigh an suíomh, na róil agus na cuspóirí.

Céim 2: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh go ciúin.

Céim 3: Léigh an téacs do na mic léinn, agus mínigh agus pléigh é.

Téacs:

Múinteoir: Tá brón orm a bheith ag cur isteach ort, a Liam, ach ba mhaith liom coinne a dhéanamh leat.

Príomhoide: Cinnte, a Bhríd! Tar isteach ar feadh nóiméid. Cár fhág mé mo dhialann? Á! Seo í!

Múinteoir: Táim ag iarraidh bualadh leat ar feadh fiche nóiméad lá éigin tar éis na scoile an tseachtain seo.

Príomhoide: Céard faoin gCéadaoin?

Múinteoir: Ní oireann an Chéadaoin dom mar bíonn cleachtadh cispheile agam leis na cailíní ar an lá sin.

Príomhoide: Déardaoin?

Múinteoir: Ar fheabhas! Beidh mé saor Déardaoin. Déanfaidh mé nóta de sin anois.

Príomhoide: An ndéarfaimid a trí a chlog?

Múinteoir: A trí a chlog, mar sin, an Déardaoin seo, i d'oifig.

Príomhoide: Feicfidh mé ansin thú, a Bhríd.

Céim 4: Iarr ar na mic léinn an téacs a léamh os ard, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 5: Pléigh nathanna cainte, foclóir agus gramadach:

“ar feadh nóiméid...” Nóiméad... ar feadh nóiméid (leanann an tuiseal ginideach réamhfhocail comhshuite); an lá... ar feadh an lae; an oíche... ar feadh na hoíche; an tseachtain... ar feadh na seachtaine; an mhí... ar feadh na míosa; an séasúr... ar feadh an tséasúir; an bhliain... ar feadh na bliana. Réamhfhocail Chomhshuite eile: an ghaoth... in aghaidh na gaoithe; an áit... ar fud na háite; an geimhreadh... i rith an gheimhridh; an scoil... tar éis na scoile; an stoirm... i ndiaidh na stoirme; an teach... os comhair an tí; an coláiste... ar chúl an choláiste agus araile.

Céim 6: Iarr ar na mic léinn róil a mhalartú agus an téacs a léamh os ard arís, ag déanamh rólimeartha leis na daoine in aice leo.

Céim 7: Iarr orthu ansin róilimirt a dhéanamh gan an téacs a léamh, más féidir.

Céim 8: Spreag na mic léinn Gaeilge a labhairt sa scoil.

Saor- Róilimirt

Nathanna Úsáideacha a chabhraíonn le Saor-Róilimirt

Nuair a bhíonn tús á chur le comhrá, is minic a thagann na feidhmeanna teanga ceannann céanna i gceist arís agus arís eile, mar shampla, ag beannú, ag gabháil leithscéil, ag lorg airde agus araile. Mar an gcéanna, nuair a bhíonn deireadh á chur le comhrá, is minic a bhíonn na cainteoirí ag coimriú, ag gabháil buíochais, ag fágáil sláin agus araile. Feictear é sin sna samplaí thíos de thús á chur le comhrá agus de dheireadh á chur le comhrá:

Tús á chur le comhrá

Múinteoir: Gabh mo leithscéal, a Úna! An féidir liom cúpla focal a bheith agam leat?

Teacher: Excuse me, Úna! May I have a few words with you?

Príomhoide: Cinnte! Beidh mé leat i gceann nóiméid.

Principal: Certainly! I'll be with you in a minute.

Múinteoir: Gabh mo leithscéal! Tá brón orm a bheith ag cur isteach ort.

Teacher: Excuse me! I'm sorry for interrupting you.

Príomhoide: Níl tú ag cur isteach orm ar chor ar bith. Céard atá uait?

Principal: You are not interrupting me at all. What do you want?

Príomhoide: Á! A Bhríd! Díreach an duine a bhí á lorg agam! Ní fhaca mé thú ag am sosa.

Principal: Ah! Bríd! The very person I was looking for! I didn't see you at break time.

Múinteoir: Bhí mé ar dualgas sa chlós. An raibh tú ag iarraidh labhairt liom?

Teacher: I was on duty in the playground. Did you want to speak to me?

Príomhoide: Á! A mhúinteoir! Is anseo atá tú! An bhfuil nóiméad le spáráil agat?

Principal: Ah! Teacher! It's here you are! Have you a minute to spare?

Múinteoir: An féidir leat siúl liom go dtí an clós? Tá mo rang ag fanacht liom ansin.

Teacher: Can you walk with me to the playground? My class is waiting for me there.

Múinteoir: Bail ó Dhia ort, a Sheáin! Ba mhaith liom do chomhairle a fháil faoi rud éigin.

Teacher: God bless you, John! I would like your advice on something.

Príomhoide: Cinnte, a Niamh! Tar isteach agus suigh síos. Dún an doras i do dhiaidh.

Principal: Certainly, Niamh! Come in and sit down. Close the door after you.

Múinteoir: Gabh mo leithscéal, a Bhreandáin! An bhfuil tú gafa faoi láthair? Ba mhaith liom rud éigin a phlé leat.

Teacher: Excuse me, Brendan! Are you busy at present? I would like to discuss something with you.

Príomhoide: Táim gnóthach go leor, ceart go leor, ach is féidir leis fanacht. Conas is féidir liom cabhrú leat?

Principal: I'm busy enough, alright, but it can wait. How can I help you?

Múinteoir: Tá brón orm a bheith ag cur isteach ort, a Bhriain. Tá rud éigin beag ag cur as dom. An féidir liom é a phlé leat?

Teacher: I'm sorry for interrupting you, Brian. There's something small bothering me. May I discuss it with you?

Príomhoide: Cinnte! Tar isteach! Suigh síos ansin agus beidh mé leat i gceann nóiméid.

Principal: Certainly! Come in! Sit down there and I'll be with you in a minute.

Múinteoir: Feicim go bhfuil tú gnóthach. Tiocfaidh mé ar ais chugat am éigin eile.

Teacher: I see that you're busy. I'll come back to you some other time.

Príomhoide: Tá sé go breá. Is féidir leat labhairt liom anois. Conas is féidir liom cabhrú leat?

Principal: It's fine. You may speak to me now. How can I help you?

Príomhoide: Táim ag iarraidh labhairt leat faoi rud éigin, a Aisling. An mbeidh tú ag brostú abhaile tar éis na scoile?

Principal: I want to speak to you about something, Aisling. Will you be rushing home after school?

Múinteoir: Ní bheidh. Caithfidh mé fanacht siar tar éis na scoile. Tá cúpla rud le déanamh agam. An mbuailfidh mé isteach chugat?

Teacher: I won't. I have to stay back after school. I have a couple of things to do. Will I drop into you?

Príomhoide: Déan é sin! Beidh an citeal ar fiuchadh agam. Beidh cupán tae againn ar dtús.

Principal: Do that! I will have the kettle boiling. We'll have a cup of tea first.

Príomhoide: A Sheáin! Táim ag iarraidh ort bualadh isteach chugam tar éis na scoile. An miste leat?

Principal: John! I want you to drop into me after school. Do you mind?

Múinteoir: Ní miste. Ní bheidh deifir orm. Buailfidh mé isteach chugat nuair a bheidh mo rang imithe.

Teacher: I don't. I will not be in a hurry. I will drop into you when my class is gone.

Príomhoide: Ar mhiste leat bualadh isteach chugam ar do bhealach abhaile tar éis na scoile? Ba mhaith liom rud éigin a thaispeáint duit.

Principal: Would you mind dropping into me on your way home after school? I'd like to show you something.

Múinteoir: Níor mhiste. Ní bheidh deifir ar bith orm.

Teacher: I wouldn't mind. I won't be in any hurry whatsoever.

Príomhoide: An cuma leat, a Bhreandáin, má iarraim ort An Tionól a thabhairt maidin amárach? Tá coinne agam ag an am céanna le tuismitheoir.

Principal: Do you mind, Brendan, if I ask you to take Assembly tomorrow morning? I have an appointment at the same time with a parent.

Múinteoir: Is cuma liom, i ndáiríre.

Teacher: It's all the same to me, really.

Príomhoide: A Sheáin! Is mithid dúinn cúpla cinneadh a dhéanamh faoi thuras scoile Rang a Sé.

Principal: John! It's high time for us to make a few decisions about the Sixth Class school tour.

Múinteoir: Tá an ceart ar fad agat! Níl fágtha againn ach coicís.

Teacher: You're completely right! All we have left is a fortnight.

Deireadh á chur le comhrá

Príomhoide: Tá sé sin ar fheabhas, a Chiara. Rinneamar cinneadh tábhachtach ansin.

Principal: That's great, Ciara. We made an important decision there.

Múinteoir: Rinne. Sin é, mar sin! Beidh mé ag caint leat amárach.

Teacher: We did. That's it so! I'll be talking to you tomorrow.

Príomhoide: Bheadh sé sin ar fheabhas. Táim an-bhuíoch díot.

Principal: That would be great. I'm very grateful to you.

Múinteoir: Tá fáilte romhat! Feicfidh mé amárach thú.

Teacher: You are welcome! I'll see you tomorrow.

Múinteoir: Go raibh míle maith agat, a Sheáin, as do chuid ama. Mothaím i bhfad níos fearr anois.

Teacher: Thank-you very much, John, for your time. I feel much better now.

Príomhoide: Tá áthas orm gur tháinig tú chugam. Táim cinnte go bhfuil an cinneadh ceart déanta agat.

Principal: I'm happy that you came to me. I'm sure you've made the right decision.

Múinteoir: Sin é mar sin! Lá eile imithe! Táim spíonta agus níl ann ach an Luan!

Teacher: That's it so! Another day gone! I'm exhausted and it's only Monday!

Príomhoide: Is ea. Agus ní bheidh aon bhriseadh eile againn go dtí an Nollaig! Caithfimid leanúint ar aghaidh, is dócha! Slán abhaile!

Principal: Yes! And we won't have another break until Christmas! We must continue on, I suppose! Safe home!

Múinteoir: Go raibh maith agat as sin, a Eoghain. Déanfaidh mé machnamh air. Sílim go bhfuil comhairle mhaith ann.

Teacher: Thank-you for that, Eoghan. I'll think about it. I think there's good advice there.

Príomhoide: Ná habair é! Is féidir leat teacht chugam am ar bith.

Principal: Don't mention it! You can come to me any time.

Múinteoir: Tá brón orm, a Áine gur thóg mé an oiread sin de do chuid ama.

Teacher: I'm sorry, Áine, that I took so much of your time.

Príomhoide: Ná bíodh brón ar bith ort faoi sin. Is é an rud is tábhachtaí ná go dtuigimid céard atá le déanamh againn.

Principal: Don't be one bit sorry about that. The most important thing is that we understand what we have to do.

Múinteoir: Nár lagaí Dia thú, a Chiaráin, ach táim an-bhuíoch díot gur chuir tú an stró sin ort féin.

Teacher: May God not weaken you, Ciarán, but I am very grateful to you for going to that bother.

Príomhoide: Gurab amhlaidh duit! Is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine.

Principal: The same to you! People depend on each other.

Príomhoide: Tá sé go hiontach, a Niamh, gur féidir liom brath ort.

Principal: It is wonderful, Niamh, that I can depend on you.

Múinteoir: Ná bí ag caint mar sin! Nílím ach ag déanamh mo chuid oibre!

Múinteoir: Don't be talking like that! I'm only doing my job!

Príomhoide: Tá súil agam go gcabhraíonn sé sin leat anois.

Principal: I hope now that that helps you.

Múinteoir: Táim cinnte go gcabhróidh agus tá áthas orm gur ardaigh mé an cheist leat.

Teacher: I'm certain it will and I'm happy I raised the question with you.

Príomhoide: An leor sin nó an gá dúinn é a phlé arís?

Principal: Is that enough or do we need to discuss it again?

Múinteoir: Is leor sin is dóigh liom. Ní dóigh liom go bhfuil aon rud eile le plé againn.

Teacher: That's enough I suppose. I don't think we have anything else to discuss.

Príomhoide: Má bhíonn tú istigh go luath maidin amárach, mar sin, beimid in ann é a phlé níos mó.

Principal: If you're in early so tomorrow morning, we'll be able to discuss it further.

Múinteoir: Is ea. Sin cinneadh maith. Feicfidh mé thú thart ar a hocht a chlog.

Teacher: Yes. That's a good decision. I'll see you around eight o'clock.

Príomhoide: Má chuireann tusa an bus in áirithe, mar sin, is féidir liomsa glaach a chur ar an ionad eachtraíochta.

Principal: If you book the bus so, I can call the adventure centre.

Múinteoir: Is ea. Sin an bealach chun é a dhéanamh. Is féidir leis an mbeirt againn le chéile an nóta do na tuismitheoirí a dhéanamh amach.

Teacher: Yes. That's the way to do it. The two of us together can make out the note for the parents.

Príomhoide: An gcuirfidh tú i gcuimhne dom mar sin amárach go bhfuil fógra le cur suas agam ar dhoras na scoile.

Principal: Will you remind me so tomorrow that I have to put a notice up on the school door.

Múinteoir: Ní miste liomsa é a dhéanamh. Beidh tusa an-ghnóthach ar maidin leis an gcór.

Múinteoir: I don't mind doing it. You'll be very busy in the morning with the choir.

Saor-rólimirt: Suíomhanna

Leis an duine in aice leat, déan rólimirt sna suíomhanna thíos. Bíodh duine amháin i ról an Phríomhoide agus bíodh an duine eile i ról an mhúinteora. I ngach suíomh, tá cuspóirí ar leith le comhlíonadh ag an bPríomhoide agus tá cuspóirí eile le comhlíonadh ag an múinteoir.

Ag Doras Oifig an Phríomhoide

- **Suíomh:** Ag doras Oifig an Phríomhoide ag deireadh an scoil-lae.
- **Ról:** Múinteoir agus Príomhoide.
- **Cuspóirí:** An múinteoir ag smaoineamh ar shos gairme a thógáil agus ar bhliain a chaitheamh san Astráil. An Príomhoide ag cur comhairle ar an múinteoir. Níl an múinteoir ag glacadh leis an gcomhairle. Déanann an múinteoir cinneadh. Déanann an Príomhoide tagairt don Bhord Bainistíochta.



An Pasáiste sa scoil



- **Suíomh:** An pasáiste sa scoil tar éis am sosa.
- **Róil:** Múinteoir agus Príomhoide.
- **Cuspóirí:** An Príomhoide ag iarraidh ar an múinteoir gar a dhéanamh dó/di i.e., nótaí do thuismitheoirí a chur timpeall go dtí na ranganna go léir, an múinteoir toilteanach cabhrú leis an bPríomhoide agus an Príomhoide an-bhuíoch.

Oifig an Phríomhoide

- **Suíomh:** Oifig an Phríomhoide am éigin i rith an scoil-lae.
- **Róil:** Múinteoir agus Príomhoide.
- **Cuspóirí:** Múinteoir ag cur in iúl don Phríomhoide go bhfuil páiste ina rang tinn agus go gcaithfear glao teileafóin a chur ar na tuismitheoirí. An Príomhoide ag cabhrú leis an múinteoir. Socruithe á ndéanamh an páiste a bhailiú.

Os Comhair an Ranga

- **Suíomh:** Os comhair an ranga i rith an scoil-lae.
- **Róil:** Múinteoir agus Príomhoide.
- **Cuspóirí:** An Príomhoide ag gabháil buíochais leis an múinteoir as an dualgas clóis an lá roimhe sin a dhéanamh nuair a bhí an múinteoir a bhí ainmnithe don chlós, tinn. An múinteoir ag tuairisciú faoi dhroch-iompar na bpáistí sa chlós agus an Príomhoide ag rá go ndéanfaidh sé/sí rud éigin faoi.

Obair Bheirte

Cur Chuige:

- Abair leis na mic léinn go bhfuil siad chun Obair Bheirte a dhéanamh ar thopaic éigin, mar shampla, “Post Páirtaimseartha”.
- Lorg cabhair na mac léinn chun na ceisteanna a chuirfidh siad ar a chéile a chumadh. Ag an am céanna scríobh eochairfhocail (sna samplaí thíos na focail atá i gcló trom) gach ceiste ar an gclár bán agus lorg cabhair na mac léinn freagraí éagsúla ar na ceisteanna sin a thabhairt i.e. déan ionchur teanga agus múin dóibh an Ghaeilge a bheidh ag teastáil uathu níos deireanaí san obair bheirte.
- Spreag na mic léinn na ceisteanna atá ar an gclár bán a chur ort féin an múinteoir, ceann i ndiaidh a chéile. Freagair na ceisteanna ag tarraingt ar an nGaeilge a bhí san ionchur teanga.
- Eagraigh an rang i mbeirteanna, A agus B, A chun na ceisteanna a chur agus B chun na ceisteanna a fhreagairt.
- Iarr ar gach beirt obair bheirte a dhéanamh ag an am céanna.
- Siúil timpeall agus ó am go chéile glac páirt san obair bheirte le beirteanna éagsúla, de réir mar a oireann. Is fearr dreas gearr gonta d’obair bheirte le fócas géar ná dreas fada a d’fhéadfadh dul ar seachrán go héasca.
- Tar éis tamaillín, ar bhonn ranga téigh siar an teanga a bhí in úsáid ag na mic léinn, agus ar bhonn neamhphearsanta, ceartaigh aon bhotúin a chuala tú nuair a bhí tú ag siúil timpeall.
- Iarr ar gach beirt obair bheirte a dhéanamh arís ach an uair seo, B ag cur na gceisteanna agus A á bhfreagairt.
- Ar bhonn ranga, déan tagairt do rud éigin spéisiúil a chuala tú á rá san obair bheirte agus déan iarracht plé oscailte ranga a spreagadh.
- Mol iarrachtaí na mac léinn.
- Mínigh an cur chuige a d’úsáid tú mar mhúinteoir agus obair bheirte á déanamh agat leis na mic léinn.

(Is féidir Obair Bheirte a úsáid le haon Téama sa Siollabas agus gach duine a chur ag labhairt Gaeilge ag an am céanna.)

Post Páirtaimseartha

An bhfuil **post páirtaimseartha** agat?

Inis dom faoi. (Oibrím mar chúntóir siopa/ mar fhreastalaí i mbialann.)

Cén chaoi a bhfuair/ Conas a fuair/ Cad é mar a fuair tú an post? (An samhradh seo caite bhí mé ag lorg poist chun airgead a fháil don Choláiste. Chonaic mé fógra ar an gclár fógraí sa siopa áitiúil. Rinne mé *Curriculum Vitae* amach agus thug mé isteach é.)

An raibh ort **agallamh** a dhéanamh? (Ní raibh. Ghlaigh an Bainisteoir/ an t-úinéir orm. Bhuail mé leis. Bhí comhrá againn agus thairg sé an post dom. Thosaigh mé an lá ina dhiaidh sin.)

Cén t-am a thosaíonn tú agus cén t-am a chríochnaíonn tú? (Tosaím ar ... agus críochnaím ar ...)

Céard a dhéanann tú sa phost gach lá? (Freastalaím ar na custaiméirí. Tógaim orduithe. Cuirim rudaí ar na seilfeanna agus glanaim suas.)

An dtuilleann tú mórán? (Tuillim dhá chéad euro in aghaidh na seachtaine sa samhradh agus dhá euro dhéag do gach uair a' chloig i rith na bliana.)

Céard a dhéanann tú **leis an airgead?** (Caithim a lán de ar éadaí agus ag dul amach. Téim ar saoire freisin. Sábhálaim cuid de don Choláiste.)



Plean don Samhradh

An bhfuil **aon phlean** agat don samhradh? (Tá sé ar intinn agam ar dtús post a fháil. Ní bheidh mé ag obair an t-am ar fad ach oiread. Ligfidh mé mo scíth freisin.)

An rachaidh tú **ar saoire** aon áit? (Le cúnamh Dé rachaidh mé go ... le ...)

An bhfuil **an ticéad** curtha in áirithe agat fós? (Tá. Chuir mé in áirithe é i Mí Eanáir. Fuair mé lascaine/ lacáiste ... euro mar is mac léinn mé.)

Cá bhfanfaidh tú? (Fanfaidh mé le .../ in árasán ach níl sé sin socraithe agam fós.)

Céard a dhéanfaidh tú nuair a bheidh tú ann? (Lorgóidh mé áit le fanacht ar dtús agus ansin lorgóidh mé post. Déanfaidh mé beagáinín taistil freisin. Tabharfaidh mé cuairt ar na radhairc ar fad.)

Cathain a thiocfaidh tú ar ais? (Tiocfaidh mé ar ais ar ...[dáta].)

Téama: Gaeilge agus Cultúr na Gaeltachta

Lúibíní agus Agallaimh Bheirte (Ray Mac Mánaís)

An tAgallamh Fileata

Cúlra Stairiúil:

- Fréamhaithe go daingean in ithir an dúchais
- Samplaí sna lámhscríbhinní: *Agallamh na Seanórach*, *Agallamh Oisín agus Phádraig...*
- Filíocht phobail atá ann go bunúsach.
- Chleacht roinnt de na filí móra an ealaíon: Raftaeraí: *Caismirt an Phótaire leis an Uisce Beatha*; *Díospóireacht Raftaeraí leis an Déan...*
- Iomarbhágh na bhFileadh: 1607 – 1615
- 1750 > agallaimh faoi chúrsaí báis: *An Peacach agus an Bás*; *Siosma an Anama leis an gColainn* (Pádraig Denn)

Aitheantas Faoi Dheireadh

- Mí na Bealtaine 2005: beartas na Comhairle Ealaíon i leith na n-ealaíon traidisiúnta:
- Is iad na healaíona traidisiúnta ná
- Ceol, amhránaíocht agus damhsa
Na healaíona béil: scéalaíocht, agallaimh bheirte, lúibíní
Ollfhás ar líon na n-iomaitheoirí sna comórtais
- Ráchairt ar na comórtais ó thaobh lucht féachana de
- Lúibíní agus Agallaimh Bheirte ar RTÉ, TG4, BBC...
- Ócáidí móra

Tréithe an Agallaimh Bheirte

Agallamh i bhfoirm filíochta atá ann

- Conspóid nó aighneas idir dhá charachtar – gné bhunúsach
- Cumadóireacht bheacht
- Saibhreas teanga
- Clisteacht chainte
- Imeartas focal
- Rím – (gan a bheith riachtanach, ach an-choitianta)
- Rithim láidir
- Sárafócht

Sampla den Agallamh Beirte: An Caitheamh

An Caitheamh

J: Tháinig ciall chugam faoi dheireadh a bhuí sin le Dia
Is a bhuí leis na boic mhóra i mBaile Átha Cliath.
Chaith mé uaim é mar chaitheamh is gan chumha ina dhéidh
Is gan fiú cathú i ndiaidh caithimh – má thuigeann tú mé.

J: Ní chaithim anois ach... mo chuid éadaigh gan dabht
Agus... caithim mo dhinnéar agus corr-bhuidéal stout.

R: Bíonn tú ag caitheamh anuas ormsa a chudramáin chrosta
Is i ndiaidh oíche ar an téar bíonn tú ag caitheamh aníos fosta.

J: Chuaigh mise ar na paitseannaí – is iad a dhéanann an beart
Agus chóir a bheith thar oíche arú bhí mé i gceart.
Níor shamhlaigh mé an éirí as a bheith chomh furast' sin choíche
Ach níor shamhlaigh mé paitseannaí bheith chomh deacair a ithe.

R: Níl iontas ar bith nach bhfuil dúil agat sa toit.
Tá oiread nicotine ionat is a dhéanfadh eilifint a loit.
Níl ach an t-aon chúis amháin ann nach bhfuil tú fuar marbh
'Sé go bhfuil tú chomh tiubh is chomh cunúil le tarbh.

Giota as Lofa Líofa

Tá sé agamsa le maíomh
Nár labhair mise Béarla riamh.
Sa teanga ghallda sin tá mise balbh.
Ach is tú an freagra ar mo ghúí;
Tá mé ar scamall uimhir a naoi;
Tá lucht na Gaeilge ag éirí tanaí... ar an talamh.

Ní bhíonn mise i mo luí go headra;
Bím ag obair ar nós madra
Ag foghlaim focal úr le brí is neart.
Tá an Ghaeilge anois faoi bhagairt
Is má shíleann tú a mhalairt

Tá tusa ag tafann suas an crann mícheart. (Féach: Teagasc na Gaeilge)

Tréithe an Lúibín

- Agallamh i bhfoirm amhránaíochta atá ann.
- Níl binneas gutha riachtanach: ceol leis na focail agus sna focail
- Ní gá do na láithreoirí a bheith mar charachtair
- Tráchtairí a bhíonn iontu, go hiondúil
- Cur síos (magúil) ar chúrsaí an tsaoil
- Láithreoirí lúibíní ag dul i dtreo an ghrinn

- Lúibín Mhúscaí:
 - An bhrí bhunaidh atá leis an bhfocal *Lúibín*:
lúb idir an véarsa agus an curfá
 - Go traidisiúnta, críochnaíonn Lúibín Mhúscaí le línte deireanacha an véarsa a chuaigh roimhe:

Sampla de Lúibín leis an lúb (ó Chúil Aodha)

P: Airiú cá rabhais aréir, is mé ag feitheamh leat go maidin?

D: Ní féidir liom mo scéal a nochtadh duit, a chara.

P: Cad chuige an discéid? Ní baol dod' rún a Pheadair.

D: Ach neosfá é don tsaoil; mar bíonn do bhéal ar leathadh.

Curfá (beirt):

Dí eighdil eighdil é. Dí eighdil eighdil eaidé.

Dí eighdil eighdil é. Dí eighdil eighdil eaidé.

P: Cad chuige an discéid? Ní baol dod' rún a Pheadair.

D: Ach neosfá é don tsaoil; mar bíonn do bhéal ar leathadh.

Sampla de Lúibín nua le lúb:

Tá Google ag achan duine beo

Ar bhus nó traein ní chluintear gleo

Ach achan duine ag tapáil leo

Ag dul tippity tap ar Ghoogle

Googley eyedil doodle dum; bímse ag googleáil le fonn

Googley eyedil doodle dum; 'dul tippity tap ar Ghoogle

Chuardaigh mé Google Images uair nó dhó

Fá choinne pic Sam Maguire nuair a bhuaigh Maigh Eo

Dúirt Google liom: Á Jazus Joe

Ní raibh ceamaraí ann an uair sin

Googley eyedil doodle dum; bímse ag googleáil le fonn

Googley eyedil doodle dum; ní raibh ceamaraí ann an uair sin

Sampla de Lúibín gan lúb

“Tá coróinín ar mo chionn,” ar sí

“Agus caithim é mar phionós.

Ach b’fhéarr go mór liom bonn,” ar sí

“Don damhsa ar an sean-nós.”

“Fuair mé ceacht nó dhó sa bhaile.

Ní raibh ann ach shilly-shally.

Bhí mé ag damhsa ar an sean-nós

Do cheol ón Royal Ballet.”

Le mo rince dú a day agus greim ar mo choróinín

Mo chosa ag dul ar strae is mé ag brú amach mo thóinín

Lah diddle di dah diddle di dowdal doodal dum

Óró Mhíle Grá – Ceapóg spraiúil

- Is iomaí coiscéim fhada idir mise agus mo ghrá
- Agus d’aithneoinn bád mo stóirín nó tá barr an tseoilín bán
- Dá mbeadh bríste nua Dé Domhnaigh ort bheadh an tóin amuigh Dé Máirt
- Bíonn asail Bhéal an Daingin ag joyrideáil ar an trá
- Is tá bricíní ina muilcíní i bpluicíní mo ghrá
- Agus dúirt mo stóirín liom go bhfuil mé dathúil... agus tá
- Is iomaí cloch mhór ar mo phaidrín ach níl tusa ann; mí-ádh!
- Tá airgead i do phóca ach níl tada i do cheann
- Tá fáilte romhat is fiche – ceannaigh deoch anois ar ball

- Ó is deas liom lón MacDonal'd's ach níl sárú crúibín ann
- Ó is fuath liom drochGhaeilge; arú déanann sé isteach mo cheann
- Is fada mise tuirseach ó bheith ag éisteacht le do ghlam
- Slán anois go fóillín – níl a thuilleadh againn le rá

Téama: Na Meáin

- Torthaí Foghlama
- Forbairt scileanna teanga an mhic léinn
- Cumas an mhic léinn Gaeilge a mhúineadh
- Dearcadh dearfach a chothú i leith na Gaeilge
- Ábhar ar líne a úsáid chun scileanna teanga a fheabhsú
- Breis feasachta a léiriú maidir le gramadach agus comhréir na Gaeilge
- Féinmheastóireacht a dhéanamh ar a gcumas agus ar a ndul chun cinn sa Ghaeilge

Na Meáin

- Irisí
- Na meáin ar líne – foghlaim fhéinriartha
- Raidió na Gaeltachta
- TG 4
- VIFAX

Na Meáin - Irisí – Beo –www.beo.ie

The screenshot shows the Beo website interface. At the top, there is a green banner with the text "EAGRÁN 154 · FEABHRA 2014". Below this, a purple banner reads "OÉ Gaillimh NUI Galway". The main headline is "Bliain an Chultúir agus Fleadh Cheoil na hÉireann in Eineacht". A profile picture of Ciara Ní Gabhann is shown next to her name. Below her name is a quote: "Phill Ciara Ní Gabhann ar a cathair dhúchais, Doire, fechain Locha Febhuil find, con a ealaibh as aibhind, anuraidh le blaiseadh den lón mór ealaíne a bhí ag titim amach ann. Níor thuras in aisce é." There is a Facebook share button that says "12 people like this. Sign Up to see what your friends like." Below this are navigation options: "Gluais", "Leabharharcáil", "Priontáil", and "Freagraí (2)". The main content area features a video player for "Beo! Iris idirlín Bliain an Chultúir agus Fleadh..." with a soundcloud logo and a 6:09 duration. To the right of the video player is a photo of fireworks over a city at night, captioned "Tine ealaíne (le City of Culture 2013 ar Picasaweb)". At the bottom, there is a partial view of another article starting with "Tháinig bliain mhór chultúrtha Dhoire Cholmeille chun deiridh i ndiaidh dhá..."

Blag Gramadaí

NUAGHT IS DÉANAÍ

- **Seanóirí ag dul i mbun agóide maidir le ciorruithe**
- **Fear gafa maidir le tionóisc buille is teitheadh sa phríomhchathair**
- **Fear (41) cúisithe as dúnmharú Elaine O'Hara i mBÁC**
- **Fear gnó (41) gafa maidir le dúnmharú Elaine O'Hara i mBÁC**
- **Fear ar thug an PSNI rabhadh faoi an tseachtain seo caite gafa i nDoire**
- **John Gilligan scaoilte saor ón bpríosún**

SPÓIRT

Cinneadh déanta ag Gatland gan O'Driscoll a roghnú d'fhoireann an tSathairn Eile

Tá iontas ar a lán leantóirí rugbaí ar maidin inniu agus príomhchóitseálaí na Leon, Warren Gatland, tar éis a fhógairt nach bhfuil Brian...

An dornálaí John Joe Nevin rangaithe ag uimhir a haon anois Eile

Tá sé fógartha inniu go bhfuil ardú céime faighte ag an dornálaí Éireannach, John Joe Nevin agus uimhir a haon bainte amach aige i rangú...

Tacaíonn Réaltaí Peile agus Iomána le feachtas Gaeilge CLG Cumann Lúthcleas Gael

Tá ríméad ar Choiste na Gaeilge Chumann Lúthcleas Gael go bhfuil roinnt de na peileadóirí agus de na hiománaíthe is aitheanta atá sa Chumann...

FINALIST 2012

Na Meáin – Blag Gramadaí

Aithne, eolas, fios

- Uaireanta bíonn mearbhall ar dhaoine faoi úsáid na bhfocal thuas mar go bhfuil siad cosúil lena chéile ó thaobh brí de. Mar sin féin, úsáidtear gach ceann acu i gcomhthéacs faoi leith.

Aithne:

- Tá aithne agam air
- Tá aithne shúl agam air
- Gan aithne gan urlabhra
- Cuireadh in aithne dó mé
- Duine atá ar m'aithne

Eolas:

- Tá an-eolas aige ar Bhaile Átha Cliath
- Tá sé ar eolas agam
- Oifig eolais
- Coinnigh ar an eolas mé
- Tá eolas na slí aige
- Bhí na gardaí ag lorg eolais

Fios:

- Níl a fhios agam
- Ag Dia atá a fhios
- Ná tabhair fios ar bith dóibh
- Dá mbeadh a fhios acu
- Níl uaidh ach fios
- Is bean feasa í

Na Meáin – Irisí – Foinse www.foinse.ie

Foinse
Príomhbheoiteán Náisiúnta na Gaeltige

SEARCH [] Coardaigh

BAILI MÍDACHT TUAIRIS **GÁRTHA** CÉISACHAS SPÓRT BLAIN NA GARDÓIGE BÍ-ÁILLE-RECTOR ENGLISH TEACHNAS ACMHAID

TÁ TU ANSÉO ACMHAID

Ceachtanna []

Líon na Bearnai []

Cluichí []

Míreanna Mearaí []

Póstaeir []

Crosfhocail []

Cuir d'ainm lenár liosta postála chun tuilleadh eolais a fháil maidir le hacmhainní bunscóile

Na Meáin – Foinse Acmhainní ar líne

The screenshot shows a web browser window displaying a page from foinsc.ie. The page is titled "Pesta Nua" and features several illustrations of animals with labels in Irish. The illustrations include:

- A girl walking a dog with labels: Tá madra beag donn ag Cliona. Éan, Coniail.
- A girl feeding a dog with labels: Gach maidin tugann Cliona bia madra dó. Madra, Coiléar.
- A boy looking at a fishbowl with labels: Tá dhá lasc órga ag Liam ina sheomra codlata. Iasc.
- A horse in a stable with labels: Sconsa, Capall, Seid, Féar.
- A rabbit in a cage with label: Coinín.
- A hamster in a cage with label: Hamstar.
- A cat with a bowl and a mouse with labels: Cat, Bia cait, Bréagán.

At the bottom, there is a section titled "Seanfheacal" (Fable) with the text: Má bhuaileann tú mo mhadra buailfidh tú mé féin. The browser's taskbar shows the date 13/02/2014 and time 09:46.

Na Meáin – TG4

The screenshot shows a weather forecast on the TG4 channel. A woman is standing in front of a night sky background. The text on the screen indicates the time is "Anocht" (Night) and "Bin" (Midnight) at "4 am". The browser's taskbar shows the date 13/02/2014 and time 17:18.

Réamhaisnéis na haimsire

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar réamhaisnéis na haimsire ar ball. Sula bhféachann tú uirthi, féach ar na focail seo thíos a bheidh sa mhír. An bhfuil siad ar eolas agat? Pléigh aon fhocal nach bhfuil ar eolas agat leis an duine in aice leat.

tréimhsí geala gréine		scaláin	
corrmhúr fánach	flichshneachta	sioc	
reophointe	leac oighir	gaoth fheannta	
tais	goimh	i gcorrspota	gála

Féachaigí ar an tuairisc uair amháin le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Na Meáin – TG4 - Seó Spóirt



VIFAX

04 Feabhra 2014	Meánleibhéal	<u>Fís</u>	<u>PDF</u>	Feirmeoirí mairteola
	Ardleibhéal	<u>Fís</u>	<u>PDF</u>	Baile beag gan seirbhísí uisce
	Bunleibhéal	<u>Fís</u>	<u>PDF</u>	Feirmeoirí mairteola
11 Feabhra 2014	Meánleibhéal	<u>Fís</u>	<u>PDF</u>	cuardach Farraige, drochaimsir
	Ardleibhéal	<u>Fís</u>	<u>PDF</u>	Cúrsaí aimsire
	Bunleibhéal	<u>Fís</u>	<u>PDF</u>	Cuardach Farraige, Drochaimsir

Na Meáin agus Acmhainní Teagaisc

- Comhrá
- Cluichí
- Rainn agus amhráin
- Scéalta
- Measúnú
- Pleanáil

Téama: An Ceantar

Giotaí Próis ó na Réigiúin

Cúige Uladh

Sliocht as 'An Trá Fholamh' le Seosamh Mac Grianna

Denvir, Gearóid agus Ní Dhonnchadha, Aisling (a roghnaigh), *Gearrscéalta an Chéid*, Cló Iar-Chonnachta, 2000, 2007, 69

Bhí sé fuar ar an Droim Deileoir, óir bhí sé faoi thrí seachtaine de Shamhain. Bhí an t-aer fuar, agus na creaga liatha agus an cuibhreann prátaí sin a bhí in ascaill an chnocáin. Agus bhí Cathal Ó Canainn fuar, agus é ar shiúl ar fud an chuibrinn ag tochailt thall agus abhus. Fuar ocrach, bratógach – seanéadach ina phoill agus ina phaistí, crochta ina chlupaidí ar chnámha móra loma a raibh an fheoil seangtha díobh. Seilg dhúthrachtach a bhí sé a dhéanamh, seilg fhiáin chraosach mar a dhéanfadh ainmhí, agus ina dhiaidh sin bhí sé spadánta i ngach bogadh dá ndéanadh sé. Fada buan a chaith sé ar shiúl ó iomaire go hiomaire sular mheas sé go raibh a iarraidh aige. Ní raibh a iarraidh mór, más ní go raibh sé sásta leis an dosaen sceallán a bhí ina bhairéad leis, agus gan aon cheann acu baol ar chomh mór le hubh chirce.

Cúige Chonnacht

Sliocht as *Lig Sinn i gCathú* le Breandán Ó hEithir

Ó hEithir, Breandán, *Lig Sinn i gCathú*, Sáirséal-Ó Marcaigh, 1976, 1982, lch 154-157

Mar ba dhual d'fhoireann an bhaile mhóir, rith na Piarraigh amach ar an bpáirc tar éis don mholtóir a fheadóg a shéideadh don tríú huair. Bhí a ngeansaithe uaithe nite agus iarnáilte don ócáid, a mbrístí geala ar an gcuma chéanna agus a gcuid stocaí ar chomhdhath...

Shiúil an Canónach go stáidiúil amach ar an bpáirc in dhiaidh na foirne agus liosta na n-imreoirí ina láimh. I nGaeilge a bhí sé scríofa agus ba de dhéantús na hÉireann an páipéar...

'An liosta, a Pheadair,' arsa an Canónach. 'Tá tú go maith, bail ó Dhia ort?'

'Táim, buíochas le Dia...

Leis sin ba léir scata fear i ngeansaithe tréigthe agus i mbrístí ar dhathanna éagsúla, ag déanamh a mbealaigh go réidh isteach geata na páirce...

Shiúladar go mall agus go dúshlánach síos i dtreo an mholtóra, a bhí fós ag séideadh agus ag bagairt a mhéire ar a uaireadóir. Aird dá laghad níor thug an Bán Mór air agus ba ríchosúil ar a ngléasadh go mba bheag a n-aird ar an ócáid ach oiread. Caite ina mburla ó imríodh an

cluiche deireanach sa bpuiteach a bhí a ngeansaithe agus bhí a gcuid brístí smeartha le práibeanna cac bó agus sú féir...

Ach ba ar an gCipín a' Búrca a bhí formhór gach súil dírithe. Ní raibh an Cipín ach tuairim cúig troigh seacht n-orlach, ach bhí sé chomh leathan sna guailí agus chomh toirtiúil as a thóin síos go dtí na rúitíní go mba gheall le abhac é agus é ina sheasamh leis féin. Bhí a chorp clúdaithe le guairí tiubha dubha agus go fiú nuair a bhíodh se glanbhearrtha, bhíodh loinnir ghorm ina aghaidh. Ba ghnás leis i gcónaí caipín speic a chaitheamh agus an speic iompaithe siar agus bhí bindealáin throma ar a dhá ghlúin agus stropa leathair ar a riosta chlé. Ach ba é béal an Chipín a' Búrca an pháirt dá chorp uafar a ba mhó a chuireadh scéin i ndaoine. De bharr na gcéadta buille, bhí a chuid fiacla ar fad cailte aige.

Cúige Mumhan

Sliocht as *Fiche Blian ag Fás* le Muiris Ó Súilleabháin

Ní Dhálaigh, Ursula, *Leoithne Ghaoithe*, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2006, 34 -35

Is cuimhin liom lá breá i mí Iúil sa mbliain 1911 go rabhas istigh ar scoil, ní fada a bhíos, nuair a tháinig stócach do bhuachaill isteach, chuaigh chun cainte leis an máistreás, agus dúirt léithi go rabhas-sa ag teastáil ó dhuine éigin amuigh sa halla. Lena linn sin, do ghlaigh sí aníos orm agus dúirt liom dul amach chuige.

Ar mo dhul amach dom, cé a chífinn ach m'athair agus m'uncail agus beirt aintín dom. Do rith m'aintín chugam gan tada a rá ach barróg a bhreith isteach orm agus mé phógadh, m'aintín eile mar an gcéanna. Agus ansan m'athair: - An maith leat dul abhaile inniu liomsa? Ar seisean. – Is maith, arsa mise, agus mo chroí ar sciobadh chuige. Cad é an saghas áite é? arsa mise. – Ó, áit bhreá dheas, ar seisean. – An mbeidh sibh ag imeacht anois? arsa mise go ríméadach. – Dá mbeimís ullamh, ar seisean; nuair a bheidh dinnéar caite againn, beam ag bogadh linn in ainm Dé, ar seisean. – Raghaid isteach arís, mar sin, agus fágfad slán ag Micil. – Tá go maith, ná bí i bhfad.

Seo liom isteach, agus ní bhrisfeadh ubh a bheadh fém chosa le lúcháir agus le héirí croí, nó gur shíneas mo lámh go dtí Micil. – Slán leat anois, a Mhicil, táim ag dul abhaile inniu, agus tá súil agam go bhfeicfead arís thú fé mhaise agus fé shláinte – Gurb amhlaidh dhuit, arsa Micil agus na deora ag sileadh leis.

Nuair iontaíos suas chun dul chun cainte leis an máistreás, do thugas fé ndeara dhá chnapshúil aici. – Sea, tá go breá dul chun cainte leatsa, arsa mise im aigne féin. Chuas suas

chúichi, pé scéal é, agus do labhras go deas mar seo léi: - Táim ag dul abhaile inniu, arsa mise.

Do léim sí ina seasamh: - Cad é sin agat á rá? Ar sise go feargach. – Táim ag dul abhaile inniu, arsa mise go ciúin. – Cé tháinig ag triall ort? – Tháinig m’athair – Cá bhfuil sé?- Tá sé ansan amuigh, arsa mise.

Seo léi gan a thuilleadh do rá, mise ina diaidh, nó gur shroicheadar an áit go raibh m’athair. Do chuir sí míle fáilte roimis, do labhair leis go deas tláthúil an chéad uair: ach bhíos-sa ag féachaint uirthi, agus má bhíos, ní fheaca aon dea-fhuadar fúithi. Sa deireadh do bhris ar an bhfoighne aici. – Dhera mhuisse, ba chóir go mbeadh a fhios agat cad tá agat á dhéanamh bheith ag tabhairt an pháiste abhaile leat, agus gur anois atá sé ag foghlaim a chuid scoláireachta, agus dá bhfágfa anso é, go mbeadh slí bheatha go deo aige ina dhiaidh. – Och, mo thrua do cheann, arsa m’athair, ní fheadar cad é an tslí bheatha gheobhadh sé ach ligint dó a shrón do leanúint i ndeireadh na dála.

Téama: An Ghné Chruthaitheach

Aidhm:

- Deis a thabhairt d'fhéith chruthaitheach na mac léinn ar tugadh oscailt di sa Chéad Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht teacht faoi bhláth sa Dara Tréimhse
- Dul siar a dhéanamh ar na seánraí filíochta.

Seánraí:

Dánta Aibítire

Acrastaicí

Haiku

Luimnigh

Saorvéarsaíocht

Saothair ghearra phróis

Sceitsí

Tréanna

Agallaimh bheirte

Lúibíní

Amhráin.



Dánta Aibítire

Roghnaítear topaic agus scríobhtar dán ar an topaic sin ina dtosaíonn gach líne le litreacha na haibítire, in ord.

Acrastaicí

Roghnaítear focal agus scríobhtar dán a bhfuil an líon céanna línte ann agus atá litreacha san fhocal, agus in ord, tosaíonn gach líne le litir ón bhfocal.

Cur chuige:

- Dánta sa seánra a léamh agus cur síos a dhéanamh ar na tréithe
- Dánta a scríobh as an nua; go comhoibritheach nó go neamhspleách
- Lucht éisteachta/léitheoireachta.

Dán Aibítre

An Áit Bheag Chiúin.

Draíochtúil;

Easpa Éalainge;

Faoi Gheasa!



Acrastaicí

- Roghnaítear focal, mar shampla, logainm.
- Is ionann líon na litreacha sa logainm agus líon na línte sa dán.
- In ord, tosaíonn gach líne le litir ón logainm.
- Freagraíonn an dán don téama/fhocal
- Samplaí d'acrastaicí (Feic lch 52)

Anois! Bígí ag scríobh!

- Dánta a scríobh as an nua;
- Go comhoibritheach nó go neamhspléach
- 3 nóiméad chun dán a scríobh.



An Ghaeltacht

A

N

G

H

A

E

L

T

A

C

H

T

Lucht éisteachta




Luimnigh

Is cineál dáin é Luimneach. Bíonn cúig líne ann. I línte 1, 2 agus 5 bíonn ocht nó naoi siolla. I línte 3 agus 4 bíonn cúig nó sé shiolla. Bíonn rím idir an focal deireanach i línte 1, 2 agus 5. Bíonn rím dhifriúil idir an focal deireanach i línte 3 agus 4.

Má bhíonn Luimneach á scríobh agat, tar éis duit teacht aníos leis an gcéad líne, breac síos focail eile atá ar eolas agat a chríochnaíonn leis an bhfuaim chéanna agus a chríochnaíonn an chéad líne sin, mar caithfidh línte 2 agus 5 críochnú leis an bhfuaim sin freisin. Ná déan dearmad go gcaithfidh rím a bheith idir línte 3 agus 4 freisin, ach rím dhifriúil.

Seo roinnt samplaí de Luimnigh:

Tháinig mac léinn anseo ó Mhaigh **Eo**, (8/9 siolla)
A dúirt nach bhfaca sí riamh **bó**. (8/9 siolla)
Thaispeáin mé ceann **di**, (5/6 shiolla)
Ach scanraigh sí **í**, (5/6 shiolla)
Ní labhraíonn sí liom níos **mó**. (8/9 siolla)



Tá buachaill anseo a shil **deoir**,
Agus is léir go dteastaíonn uaidh **treoir**.
Chaith sé an oíche ina **shuí**,
Ag déanamh **nótaí**,
Ag iarraidh a bheith ina **mhúinteoir**.

Tá cailín ag fanacht inár **dteach**,
A fuair cealg ina cluas ó **bheach**.
Ní chloiseann sí **faic**,
Is cailleann sí an **chraic**,
Is siúlann sí ar bhealach **aisteach**.



Bhí seanfhear ina chónaí sa **Lú**,
A cheannaigh capall bán agus **cú**.
Fuair an capall **bás**,
Níor bhuaigh an cú **rás**,
Ach, sin scéal idir mé agus **tú**.

Scríobh Luimneach a bhfuil ceann amháin de na línte seo a leanas mar an chéad líne ann (Nod: Tar éis duit an chéad líne a roghnú, breac síos focail eile atá ar eolas agat a chríochnaíonn leis an bhfuaim chéanna mar caithfidh línte 2 agus 5 críochnú leis an bhfuaim sin freisin. Ná déan dearmad go gcaithfidh línte 3 agus 4 críochnú leis an bhfuaim chéanna freisin.) :

- I mo theachsa tá grúpa aisteach,
...
- Chuaigh mac léinn anseo 'mach ag siúl,
...
- Chaith mé coicís sa Ghaeltacht uair,
...
- I mBaile Átha Cliath cois Life,
...

- Tá teach anseo sa Ghaeltacht,
...
- An samhradh seo caite sa Spáinn,
...
- Chuaigh an rang seo amach ar shiúlóid,
...

Tréanna

Moltaí don Mhúinteoir

Ag Plé Tréanna

Iad a léamh leis na mic léinn. A míniú á phlé. Na mic léinn á bplé in obair bheirte agus ar bhonn ranga.

Tuairimí na mac léinn a fháil uathu. An aontaíonn siad leo?

An gcuirfidís rudaí difriúla sna tréanna?

Seo a leanas roinnt tréanna:

“Trí rud nach féidir a fhoghlaim: guth, féile agus filíocht.”

“Trí rud nach fiú biorán iad: seanmháistir scoile, seanchapall agus seansaighdiúir.”

“An triúr is géire radharc: seabhac ar chrann, cú i ngleann agus cailín i lár cruinnithe.”

I gcoitinne, ní go maith a thagann na mná as i dtréanna.


“Na trí nithe is deacra a thuiscint: intinn na mban, obair na mbeach, imeacht agus teacht na taoide.”

“Trí shaghas fir nach dtuigeann mná: fir óga, fir aosta agus fir mheánaosta.”

“Na trí nithe is measa i dteach: báirseach mná, simné deataigh agus braon anuas.”

“Trí rud nach réitíonn le chéile choíche: beirt bhan pósta in aontíos, dhá chat os cionn aon luiche agus beirt fhear i ndiaidh aon ógmhná.”

“Trí rogha a shantaíonn fear: rogha na dí, rogha bia agus rogha cailín.”



Roinnt Tréanna le Críochnú

Iarr ar na mic léinn na tréanna seo a leanas a chríochnú:

“Na trí nithe is fearr i dteach: ...”

“Na trí fhuaimneanna is binne ar domhan: ...”

“Na trí nithe is fearr faoin nGaeltacht seo: ...”

“Na trí nithe is fearr is féidir a thabhairt abhaile ón nGaeltacht: ...”

“Na trí nithe is mó atá ag teastáil ó gach múinteoir: ...”

“Na trí nithe is fearr faoin múinteoireacht: ...”


“Na trí nithe is measa faoin múinteoireacht: ...”

“Na trí nithe is fearr faoi Éirinn: ...”

“Na trí nithe is measa faoi Éirinn: ...”

‘ac Gearailt, B. (2007) *200+Tréanna*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Tasc 1: Díospóireacht



Is í aidhm Thasc 1 ná deis a sholáthar do gach mac léinn páirt a ghlacadh i ndíospóireacht mar bhall d'fhoireann. I ngach rang ar an gcúrsa Gaeltachta:

- beidh ceithre nó cúig dhíospóireacht ann, ag brath ar líon na mac léinn i ngach rang
- beidh rún difriúil ann do gach díospóireacht
- beidh cathaoirleach (mac léinn amháin) agus dhá fhoireann (triúr ar gach foireann) ann do gach díospóireacht, foireann amháin ar son an rúin agus an fhoireann eile ina choinne
- beidh ar gach cainteoir labhairt ar feadh trí nóiméad
- tar éis do na cainteoirí go léir labhairt beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur nó tuairimí a thabhairt agus feidhmeoidh na foirne mar phainéal.

I Seachtain 1 agus ullmhúchán á dhéanamh don díospóireacht beidh na nithe seo a leanas le déanamh:

- ábhair chonspóideacha a roghnú (samplaí thíos)
- an rang a bhriseadh suas i ngrúpaí de sheisear agus ábhar conspóideach amháin a thabhairt do gach seisear
- taighde - idirlíon, nuachtáin, leabhair, raidió, teilifís, agallaimh (le daoine ón gceantar, ó eagraíochtaí, ó sheirbhísí)
- teacht ar rún
- foirne a cheapadh ó gach seisear
- pointí a aimsiú, comhordú a dhéanamh ar argóintí gach foirne agus feoil a chur orthu.

I Seachtain 2 beidh ar gach cainteoir:

- an cur i láthair a chleachtadh
- an cur i láthair a dhéanamh ag an díospóireacht agus a bheith mar bhall de phainéal díospóireachta.

Feidhmeoidh an teagascóir mar éascaitheoir ag cabhrú leis na mic léinn pointí a aimsiú, a gcuid smaointe a chur i bhfriotal, scileanna áitimh agus argóna a fhorbairt, agus a bheith chomh cruinn agus is féidir.

Seo a leanas samplaí de rúin:

Cúrsaí Oideachais:

“Tá an iomarca ábhar i gCuraclam na Bunscoile agus ní féidir aon rud a mhúineadh i gceart.”

“Ba chóir an Stair a choinneáil mar ábhar don Teastas Sóisearach agus don Ardteistiméireacht.”

“Ba chóir scoileanna beaga dhá oide a chomhnascadh.”

“Ní gá seirbhísí tacaíochta do scoileanna Gaeltachta a chur ar fáil trí Ghaeilge.”

Cúrsaí Gaeilge:

“Ba chóir múineadh na Gaeilge i mbunscoileanna a fhágáil faoi speisialtóirí mar a dhéantar ag an dara leibhéal.”

“Ar imeall na Gaeltachta ba chóir scoileanna Gaeltachta a nascadh le scoileanna lán-Ghaeilge.”

Cúrsaí Gaeltachta:

“Dhéanfadh feirm éisc sa cheantar seo níos mó sochair ná dochair.”

“Níor chóir go mbeadh sé chomh deacair sin cead pleanála a fháil i gceantar Gaeltachta.”

“Ba chóir go mbeadh comharthaí bóthair sa Ghaeltacht dátheangach.”

“Is linne an ola amach ónár gcósta agus níor chóir dúinn í a thabhairt do chomhlachtaí móra idirnáisiúnta chomh héasca sinn.”

“Ní oireann muilte gaoithe don cheantar seo.”

“Tá gá le muiríní sa cheantar seo chun níos mó turasóirí a mhealladh chuig an áit.”

Nathanna Úsáideacha don Díospóireacht

An Cathaoirleach:

“Fáilte romhaibh go dtí an díospóireacht seo. Is é an rún atá os ár gcomhair ná, ‘.....’ Beidh trí nóiméad ag gach cainteoir. Beidh an fhoireann ar deis ag labhairt ar son / i gcoinne an rúin agus beidh an fhoireann ar clé ag labhairt ar son / i gcoinne an rúin... Cuirigí fáilte roimh an dá fhoireann. An chéad chainteoir / an dara / an tríú cainteoir ar son / i gcoinne an rúin ná ... Gabhaim buíochas leis na cainteoirí go léir. Osclóidh mé an díospóireacht don urlár anois. An bhfuil aon rud le rá ag aon duine ón urlár?”

Na cainteoirí:

“Is mise ... agus beidh mise agus m’fhoireann ag labhairt ar son / i gcoinne an rúin. Beidh mise ag labhairt faoi ..., beidh X ag labhairt faoi ... agus beidh Y ag labhairt faoi ... Ag deireadh na díospóireachta seo tá súil agam go n-aontóidh sibh linn go / nach ...”

“Is ionann an rún seo agus a rá ...”

“Is éard atá i gceist leis an rún seo ná ...”

“Is í an bhrí atá le ... ná ...”

“Is é mo chéad pointe / mo dhara pointe / mo thríú pointe / mo cheathrú pointe / mo chúigiú pointe ná ...”

“Ar an gcéad dul síos ...”

“Tá a fhios ag an saol Fódlach ...”

“De réir na dtuairiscí go léir ...”

“Gan amhras ...”

“Chomh maith leis sin ...”

“Ina dhiaidh sin is uile ...”

“Ina ainneoin sin ...”

“Is é an taobh eile den scéal ná ...”

“Sa chomhthéacs sin ...”

“Nílím ag déanamh áibhéile nuair a deirim ...”

“Mar gheall air sin ...”

“Mar thoradh air sin ...”

“Is léir ...”

“Is rí-léir ...”

“Tá sé soiléir ...”

“Is í an fhírinne lom ná ...”

“Féachaimis ar fhíricí an scéil ...”

“Bréagnaíonn na fíricí an argóint sin ...”

“Is é mo thuairim mheáite ná ...”

“Ní aontaím in aon chor leis an tuairim ...”

“Níl aon bhunús leis an argóint ...”

“Níl ciall ná reason ag baint leis an argóint ...”

“Níl aon loighic ag baint leis an argóint ...”

“Tá breall ort má cheapann tú ...”

“Tá dul amú ort nuair a deir tú ...”

“Caithfear a admháil ...”

“Ní féidir a shéanadh ...”

“Tá sé doshéanta ...”

“Mar achoimre ar a bhfuil ráite agam ...”

“Luaigh mé ...”

“Mar fhocal scoir ...”

“Tar éis éisteacht le mo chaint tá súil agam go n-aontaíonn sibh liom nuair a deirim ...”

Ón urlár:

“Tá ceist le cur agam ar x.”

“Ba mhaith liom tagairt a dhéanamh do rud éigin a dúirt Y.”

“Aontaím go hiomlán le ...”

“Ní aontaím in aon chor le ...”

Tasc 2: Áiseanna d'O.S.I.E.

Beidh sé sheisiún san iomlán ag na mic léinn ar ghnéithe d'O.S.I.E. Beidh seisiún amháin ann ar gach ceann de na nithe seo:

Plandaí an Talaimh

Éin an Aeir

Dúile an Chladaigh

Éisc na Farraige.

Sna seisiúin sin díreofar ar **eolas agus ar scileanna na mac léinn oideachais féin.**

Caithfear dhá sheisiún ar an Tasc. Cuirfidh an mac léinn oideachais Punann Áiseanna le chéile do na meánranganna nó do na ranganna sinsearacha chun dhá ghné den cheithre ghné thuas d'O.S.I.E. a mhúineadh trí mheán na Gaeilge.


Cruthófar dhá **thasc foghlama** do na páistí agus cuirfear **téarmaíocht** ar fáil, freisin.

Seo liosta de thascanna samplacha:

1. Athruithe sa nádúr san earrach a scríobh/a thaifeadadh ag: <http://www.greenwave.ie>.
2. Treoracha chun slat iascaigh a chur le chéile (eolas agus treoracha ag: <http://www.somethingfishy.ie/childirish/ceacht8/ceacht8index.htm>)
3. Bláthanna fiáine a chur i ngairdín na scoile
4. Smugairle róin as páipéar agus plaisteach a dhéanamh
5. Peann ar an sean-nós a dhéanamh as cleite éin
6. 'Seán na Gealaí' a dhéanamh as Tornapa d'Oíche Shamhna
7. Pictiúir a mheaitseáil le focail
8. Dialann Dúlra a choinneáil maisithe le pictiúir
9. Crosfhocal
10. Tomhais
11. Biachlár a chur le chéile
12. Bláth ar leith a chruthú ar pháipéar/as páipéar
13. Cluiche a chruthú faoi dhuaithníocht (camouflage)
14. 'Críochnaigh na habairtí'
15. 'Fíor nó Bréagach'
16. Éisteacht le ceol éin agus a thomhas cén t-éan atá ann
17. Leabhar a léamh ar líne, mar shampla, 'An Bradán Feasa'
18. An t-amhrán 'Dúlamán' a fhoghlaim le geáitsí oiriúnacha
19. "Comparáid agus codarsnacht"
20. Cárta le pictiúr d'éan, mar shampla, a dheardh le cur chuig cara/tuismitheoirí.

Tasc Foghlama Samplach d'O.S.I.E.
Ainm an Taisc: Éagsúlacht agus Tréithe na nÉan
Rang: Rang a Sé
Snáith agus Snáith Aonad: Dúile Beo: Plandaí agus Ainmhithe
Gníomhaíocht: Bileog: "Éin an Aeir"
<p>Cuspóirí (Céard a bheidh tú ag iarraidh a chur ar chumas an pháiste?):</p> <ol style="list-style-type: none"> 1. Ainmneacha agus tréithe roinnt éan a aithint. 2. Ceol na n-éan a aithint. 3. Éin a shórtáil agus a ghrúpáil de réir gnáthóige.
Áiseanna: Pictiúr d'éin/Nasc idirlín chuig ceol na n-éan/ Bileog le gníomhaíochtaí
Téarmaíocht: Gnáthóg, ceol, fainleog, broigheall, lasair choille, crotach, cois farraige, sa choill.
<p>Céim 1: Díreoidh mé aird na bpáistí ar shraith de phictiúir d'éin éagsúla. Cuirfidh mé ceisteanna ar na páistí faoi na héin: <i>"Cén t-éan é seo?", "Céard iad na dathanna atá air?", "Cá mbíonn an t-éan seo ina chónaí?", "Céard a itheann an t-éan seo, meas tú?", "An bhfuil aon rud eile ar eolas agat faoin éan seo?"</i></p> <p>Céim 2: Cuirfidh mé an pictiúr den chéad éan os comhair na bpáistí ar an gclár bán idirghníomhach arís agus éistfimid le ceol an éin sin. <i>"An maith leat an ceol sin?", "Céard leis a bhfuil an ceol cosúil (uirlis cheoil ar leith, fuaimeanna eile, mar shampla)?"</i></p> <p>Céim 3: Cuirfidh mé na páistí i ngrúpaí de thriúr/cheathrar. Tabharfaidh mé bileog amháin do gach grúpa.</p> <p>Míneoidh mé go mbeidh cead acu obair le chéile: <i>'Cén t-ainm atá ar gach éan?'</i></p> <p>Míneoidh mé go gcloisfidh siad ceithre rian agus go mbeidh orthu uimhir an riain a chur in aice leis an bpictiúr den éan atá ag canadh: <i>"Seo rian a haon. Cuir uimhir a haon in aice leis an éan a chloiseann tú. Pléigh an ceol leis na páistí eile i do ghrúpa."</i> Leanfaidh mé ar aghaidh le rian a dó: <i>"Seo rian a dó..."</i></p> <p>Labhróidh na páistí lena chéile faoi ghnáthóg an éin: <i>"Labhair leis na páistí eile i do ghrúpa faoi na háiteanna ina gcónaíonn na héin."</i></p> <p>Céim 4: Ag an deireadh, ligfidh mé do na páistí a gcuid oibre féin a cheartú. Tabharfaidh mé na freagraí cearta trí cheisteanna a chur: <i>"Céard is ainm don chéad éan?", "Cén uimhir a bhí ar a cheol?", "Cá mbíonn sé ina chónaí?"</i>. Taispeánfaidh mé an bhileog líonta ar an gclár bán idirghníomhach. Molfaidh mé iarrachtaí na bpáistí.</p>

Gníomhaíochtaí don Tasc Foghlama

“Éin an Aeir”			
Pictiúr	Ainm	Ceol (Uimhir an Riain)	Gnáthóg
<p>Íomhána 6: http://www.birdwatchireland.ie</p> 	<p>Cuir an t-ainm ceart (Crotach, Broigheall, Fáinleog nó Lasair Choille) in aice leis an bpictiúr den éan.</p>	<p>Éist leis an gceol. Cuir uimhir an riain (1, 2, 3, 4) in aice leis an éan a chloiseann tú.</p>	<p>Scríobh síos an áit ina maireann na héin ó lá go lá. Mar shampla, cois farraige, faoin tuath, sa choill.</p>
